



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Gráid Ríofa don Ardteistiméireacht 2020

Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta agus Rang-orduithe Ranga a sholáthar

An Oifig Feidhmiúcháin um Ghráid Ríofa
An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cuid I: Sula dtosóidh tú

Leathanaigh 6 go 10

Cuid II: Marcanna agus rang-ordú a mheas

Leathanaigh 11 go 23

Cuid III: Eolas a bhaineann go sonrach le scoláirí, le cláir agus le hábhair

Leathanaigh 24 go 29

Cuid IV: Maoirseacht ag an bpríomhoide

Leathanaigh 30 go 33

Cuid V: Caighdeánú ag an Roinn

Leathanach 34

Cuid VI: Saincheisteanna ginearálta do mhúinteoirí agus do phríomhoidí

Leathanaigh 35 go 39

Cuid I: Sula dtosaíonn tú 6

1. Brollach.....	6
2. Cad is gráid ríofa ann?.....	6
3. Conas a thiocfar ar ghráid ríofa?.....	7
4. Ról na Scoile	8
5. Eolas tábhachtach le tabhairt chun cuimhne sula dtosaíonn tú.....	9
5.1. Na scoláirí go léir sa scoil a chur san áireamh	9
5.2. Leibhéal iontrála	9
5.3. Na foirmeacha atá in éineacht leis seo.....	10

Cuid II: Marcanna agus rang-ordú a mheas 11

6. Breithiúnas gairmiúil	11
7. An fhianaise a chuirfidh bonn eolais faoin mbreithiúnas gairmiúil	11
8. An breithiúnas tosaigh a dhéanamh maidir le marcanna agus rang-orduithe	14
8.1. An ‘meastachán is fearr’ ón scoil ar an marc céatadán ‘is dóichí’	14
8.2. Do mharcanna measta a spásáil mar is cuí.....	15
8.3. Seachain cnuasú míchuí.....	15
8.4. Claontacht neamh-chomhfhiosach a sheachaint	16
8.5. Ailíniú ar fud ranganna.....	17
9. Foirm A a chomhlánú – an marc céatadán measta.....	17
10. Foirm B a chomhlánú – an rang-ord ranga	18
11. An próiseas ailínithe ionscoile.....	19
11.1. Cuspóir	19
11.2. Cé atá páirteach sa phróiseas ailínithe?	20
11.3. Ullmhú don phróiseas ailínithe agus é a eagrú.....	21
11.4. An próiseas ailínithe a chur i gcrích	21
12. I ndiaidh an phróisis ailínithe	23

Cuid III: Eolas a bhaineann go sonrach le scoláirí, le cláir agus le hábhair..... 24

13. Roinnt ceistanna a bhaineann go sonrach le scoláirí.....	24
14. Eolas a bhaineann go sonrach le cláir agus le hábhair.....	25
14.1. Ábhair na hArdteistiméireachta Bunaithe, agus GCAT	25
14.2. An Ardteistiméireacht Fheidhmeach - eolas sonrach.....	26

Cuid IV: Maoirseacht ag an bpríomhoide 30

- 15. Maoirseacht ar an bpróiseas marcanna agus rangaithe ag an bpríomhoide 30
- 16. Bearta sonracha le tabhairt faoi deara 31
 - 16.1. Ábhair taobh amuigh den scoil 31
 - 16.2. Scoláirí nua sa scoil 32
 - 16.3. Scoláirí a bhfuil an scrúdú á dhéanamh an athuair acu..... 32
 - 16.4. Múinteoirí nua nó múinteoirí ionaid 32
- 17. Ag tuairisciú don Roinn 33

Cuid V: Caighdeánú ag an Roinn 34

- 18. Caighdeánú sonraí ag an Roinn 34
- 19. Eisiúint na dtorthaí sealadacha 34
- 20. Próiseas achomharc 34

Cuid VI: Saincheisteanna ginearálta do mhúinteoirí agus do phríomhoidí ... 35

- 21. Rúndacht agus cosaint sonraí..... 35
- 22. Coinbhleachtaí leasa 36
- 23. Teagmháil idir scoláirí agus múinteoirí agus cothroime i samhail na ngrád ríofa ... 36
- 24. Bunús shamhail na ngrád ríofa..... 38
- 25. Slánaíocht Dlí..... 39

Aguisíní 40

Cuid I: Sula dtosaíonn tú

1. Brollach

Seo treoir do scoileanna chun cuidiú leo sa phróiseas a bhaineann le teacht ar mharc céatadáin measta agus ar rang-ordú do gach duine dá gcuid scoláirí i rang Ardteistiméireachta na bliana seo. Cuimsíonn próiseas an mheasta agus an rang-ordaithe an chuid scoilbhunaithe de chóras na nGrád Ríofa atá á thairiscint do scoláirí i mbliana. A luaithe agus a chuirfidh an scoil marcanna measta agus rang-orduithe ar fáil, beidh siad faoi réir próiseas caighdeánaithe náisiúnta.

Is do mhúinteoirí, príomhoidí, agus príomhoidí tánaisteacha (agus dóibh siúd i bpoist chomhfhreagracha) i scoileanna, in Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna agus i ngach suíomh eile, lena n-áirítear coláistí príobháideacha a bhfuil scoláirí acu a chuir isteach ar scrúdú na hArdteistiméireachta in 2020, an treoir seo. Sa treoir, ba cheart go measfaí gurb ionann ‘scoil’ agus gach suíomh den sórt sin. Ar fud na treorach seo, ba cheart go measfaí go gcuimsíonn ‘príomhoide’ stiúrthóir ionaid nó duine eile den chineál sin atá i bpost atá comhfhreagrach le post príomhoide. Meastar go gcuimsíonn ‘scoláire’ na foghlaimeoirí go léir in ionaid den chineál sin, ar foghlaimeoirí iad a chuir isteach ar aon scrúdú Ardteistiméireachta in 2020.

Cé gur mó an bhaint atá ag codanna den treoir le pearsanra áirithe ná le pearsanra eile, tá tuiscint ar an bpróiseas ina iomláine tábhachtach chun go dtuigfidh gach duine an ról atá aige/aici féin, agus dá bhrí sin moltar go láidir go léifeadh gach duine atá páirteach sa phróiseas an treoir iomlán. Ba cheart an doiciméad ar leith, *Treoir maidir le Gráid Ríofa don Ardteistiméireacht 2020*, a d’eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna nuair a rinneadh fógra an Aire agus atá ar fáil ar www.education.ie, a léamh sula léitear an Treoir do Scoileanna seo.

Baineann na socruithe a bhfuil cur síos orthu sa doiciméad seo leo seo a leanas:

- An Ardteistiméireacht Bhunaithe – ábhair
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach – ábhair, sainchúrsaí gairme agus tascanna
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta – Nascmhodúil

Ach amháin nuair a shoiléirítear a mhalairt, ba cheart go measfaí go mbaineann an treoir a thugtar leis na cláir go léir thuas. Déantar roinnt eolais sa bhreis a bhaineann go sonrach le cláir agus le hábhair i dtaca leis an *Ardteistiméireacht Bhunaithe* agus le *Gairmchlár na hArdteistiméireachta – Nascmhodúil* agus roinnt eile eolais i dtaca leis na socruithe don *Ardteistiméireacht Fheidhmeach* a sholáthar in Alt 14.2.

2. Cad is gráid ríofa ann?

Is gráid iad Gráid Ríofa ar féidir iad a chur ar fáil do scoláirí tar éis eolas scoile faoi fheidhmíocht ionchasach scoláire i scrúdú a chomhcheangal leis na sonraí náisiúnta atá ar fáil maidir le feidhmíocht scoláirí i scrúduithe thar thréimhse ama.

Is mar thoradh ar chomhcheangal idir dhá shraith sonraí a chruthaítear grád ríofa:

- Meastachán scoilbhunaithe ar mharc céatadán foriomlán agus ar an rang-ordú a bhronnfar ar scoláire in ábhar ar leith.
- Sonraí maidir le feidhmíocht scoláirí i ngach scoil agus go náisiúnta roimhe seo.

Cinneann comhcheangal na sraitheanna sonraí sin trí phróiseas caighdeánaithe náisiúnta an grád a bhronnfar ar gach scoláire i ngach ábhar, agus is é an toradh a bheidh air sin ná grád ríofa.

De bhrí nach torthaí ó scrúdú stáit iad gráid ríofa (faoi mar atá sainmhínithe san Acht Oideachais, 1998) tá riar phróiseas na ngrád ríofa taobh amuigh de shainchúram Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Ar an gcúis sin, tá oifig feidhmiúcháin bunaithe ag an Aire taobh istigh den Roinn Oideachais agus Scileanna chun an scéim a riar. Tugtar an *Oifig Feidhmiúcháin um Ghráid Ríofa* ar an oifig sin.

3. Conas a thioctar ar ghráid ríofa?

Tá dhá phríomhchéim i gceist sa phróiseas a bhaineann le teacht ar ghráid ríofa:


- Céim scoilbhunaithe
- Céim chaighdeánaithe náisiúnta

Beidh ceithre cinn de phríomhchéimeanna i gceist le marcanna measta agus rang-orduithe a sholáthar sa chuid scoilbhunaithe:

- An meastachán an dhéanann an múinteoir ar mharcanna agus ar rang-orduithe an scoláire
- Ailíniú na scoile ar na marcanna i leith ábhair trí ghrúpa ailínithe ábhair a chuimsíonn múinteoirí a bhfuil an t-ábhar á theagasc acu do scoláirí Ardteistiméireachta i mbliana
- Maoirseacht á déanamh ag príomhoide na scoile ar an bpróiseas ailínithe
- Tarchur na marcanna agus na rang-orduithe i gcomhair caighdeánú náisiúnta.

Tiocfaidh an chéim a bhaineann le caighdeánú náisiúnta i ndiaidh na céime scoilbhunaithe agus is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a chuirfidh an chéim sin i gcrích.

Déanfar na sonraí scoilfhoinisithe a chomhcheangal le sonraí stairiúla trí phróiseas ar a dtugtar caighdeánú chun an grád ríofa a ghiniúint do na scoláirí san ábhar. Déanfaidh an próiseas caighdeánaithe an dá shraith sonraí a ailíniú lena chéile agus bainfear feidhm as lena chinntiú go léireoidh na gráid ríofa caighdeán atá ailínithe i gceart ar fud scoileanna agus le caighdeán coiteann náisiúnta.



Tar éis an phróisis chaighdeánaithe, déanfar na marcanna ríofa a thiontú ina ngráid ríofa, agus eiseofar na gráid sin chuig scoláirí. Léireofar na gráid ríofa ar an mbealach céanna atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le gráid na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal Grád 1, etc.

Tá cead ag scoláire achomharc a dhéanamh in aghaidh an ghráid ríofa a fuair sé/sí. Beidh siad seo a leanas san áireamh sa phróiseas achomhairc:

- Sraith seiceálacha go ndearnadh na sonraí a iontráil i gceart ag leibhéal na scoile agus go ndearnadh iad a aistriú i gceart chuig an ROS
- Athbhreithniú lena dheimhniú go bhfuair an ROS na sonraí i gceart agus go ndearna sí iad a phróiseáil i gceart.

Má tá scoláire míshásta fós tar éis toradh an achomhairc sin a fháil, féadfaidh sé/sí fíorú ar phróisis na ROS ó scrúdanóirí neamhspleácha achomhairc a lorg.

Ar deireadh, beidh deis ag scoláirí atá míshásta go fóill le toradh an ghráid ríofa a bronnadh scrúdú scríofa Ardteistiméireachta a dhéanamh nuair a fhéadfar gháthscrúduithe a dhéanamh. Má dhéanann scoláire scrúdú den chineál sin agus má bhaineann sé/sí grád níos airde amach ná an grád ríofa a fuair sé/sí, ansin:

- Déanfar na torthaí sonraithe a soláthraíodh don scoláire a leasú
- Más rud é go mbeadh sé/sí i dteideal tairiscint níos airde a fháil ar chúrsa CAO mar thoradh ar an bhfeabhas ar ghrád an scoláire, déanfar é/í a éascú chun an áit sin a ghlacadh a luaithe agus atá sin indéanta.

4. Ról na Scoile

Is é ról na scoile ná marcanna agus rang-orduithe a sholáthar a léiríonn:

- Meastachán ar an marc céatadán i ngach ábhar arb é an marc céatadán é is dóichí a bheadh le fáil ag gach scoláire dá ndéanfadh sé/sí scrúdú na hArdteistiméireachta in 2020 faoi ghnáthchúinsí
- Rang-ordú do gach scoláire i ngach ábhar – i.e. liosta de na scoláirí go léir i ngach rang-ghrúpa aonair d'ábhar faoi leith de réir ord a ngnóthachtála measta.

Gach a n-iarrtar ar mhúinteoirí a dhéanamh

Iarrtar ar mhúinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid, agus leas á bhaint acu as taifid atá ann cheana féin agus as fianaise atá ar fáil, chun teacht ar mharc measta do gach scoláire agus ar rang-ordú do gach rang. Rachaidh siad i gcomhairle lena ngrúpa ailínithe ábhair lena chinntiú go bhfuil na múinteoirí go léir a bhfuil ranganna i mbliain deiridh na hArdteistiméireachta acu san ábhar ag cur caighdeán den chineál céanna i bhfeidhm maidir leis an ábhar céanna. I gcás ábhair nach bhfuil ach múinteoir amháin a bhfuil rang aige/aici don scrúdú san ábhar sin, i dtaca leis an bpróiseas ailínithe ionscoile, rachaidh sé/sí i gcomhairle leis an bpríomhoide tánaisteach nó, faoi réir chomhaontú an phríomhoide, le múinteoir eile don ábhar céanna.

Gach a n-iarrtar ar an bpríomhoide a dhéanamh

Iarrtar ar phríomhoidí maoirseacht a sholáthar ar an bpróiseas ailínithe ionscoile agus cuidiú a thabhairt lena chinntiú go bhfuil caighdeáin atá comhsheasmhach agus cuí á bhfeidhmiú ag múinteoirí éagsúla a bhfuil an t-ábhar céanna á theagasc acu. Nuair a bheidh na marcanna scoilmheasta agus na rang-oird ranga deiridh curtha i gcrích, déanfaidh an príomhoide socruithe chun na sonraí a chur isteach agus a tharchur chuig an Oifig Feidhmiúcháin um Ghráid Ríofa sa Roinn don phróiseas caighdeánaithe náisiúnta.

5. Eolas tábhachtach le tabhairt chun cuimhne sula dtosaíonn tú

5.1. Na scoláirí go léir sa scoil a chur san áireamh

Tá rogha á cur ar fáil do scoláirí ina bhféadfaidh siad gráid ríofa a fháil chun a n-aistriú tráthúil ón scolaíocht dara leibhéal a éascú agus scrúduithe na hArdteistiméireachta curtha ar athlá. In am trátha, beidh sé de rogha acu glacadh nó gan glacadh le torthaí a fháil ó chóras na ngrád ríofa. Beag beann ar an rogha a dhéanann aon scoláire faoi leith i ndeireadh na dála gráid ríofa a fháil nó gan iad a fháil, ní mór marc céatadáin measta a ghiniúint do na scoláirí go léir agus ní mór go gcuirí iad go léir san áireamh sa rang-ord don rang.

5.2. Leibhéal iontrála

Iarrfar ar scoláirí a leibhéal iontrála a dheimhniú trí chóras ar líne. Nuair a bheidh an próiseas sin curtha i gcrích, deimhneoidh an ROS na leibhéil iontrála leis an scoil, agus tabharfaidh an príomhoide/ príomhoide tánaisteach an t-eolas sin do na múinteoirí.

Go dtí go mbeidh an deimhniú sin faighte agus chun meastachán na marcanna agus an próiseas ailínithe ábhair a bhrostú, ba cheart do mhúinteoirí dul ar aghaidh ar an tuiscint go bhfuil na scoláirí go léir iontráilte go fóill don ábhar ag an leibhéal a gceapann an múinteoir iad a bheith iontráilte aige/aici faoi láthair. De bhrí nach bhféadfaidh múinteoirí teagmháil a dhéanamh lena gcuid scoláirí, níor cheart go lorgódh aon mhúinteoir aon deimhniú breise ar an leibhéal go díreach ó scoláire ná ó thuismitheoirí scoláire. Má tá aon amhras ann gur chinn scoláire ag an Ardleibhéal aistriú chuig an nGnáthleibhéal, ba cheart glacadh leis go bhfuil sé/sí ag fanacht ag an Ardleibhéal nó go ndéanfar an staid a dheimhniú.

Cé go bhféadfaidh an próiseas a bhaineann le gráid a mheas agus scoláirí a rang-ordú taobh istigh den rang dul ar aghaidh suas go pointe áirithe (suas go dtí an próiseas ailínithe ábhair agus an próiseas sin san áireamh) sula bhfaighfear deimhniú ar leibhéal, ní fhéadfar tabhairt faoin bpróiseas ionscoile chun cur i gcrích a dheimhniú nó go mbeidh gach leibhéal deimhnithe agus go mbeidh an marc céatadáin measta deiridh ag an leibhéal deimhnithe curtha ar fáil do gach scoláire.

5.3. Na foirmeacha atá in éineacht leis seo

Tá na foirmeacha seo a leanas á soláthar chun cuidiú leis an bpróiseas agus déantar tagairt dóibh níos faide ar aghaidh sa treoir nuair a thagann a n-úsáid chun cinn. Chun tagairt dóibh a éascú, is aguisíní leis an treoir seo iad, ach déanfar iad a sholáthar mar dhoiciméid aonair ar féidir iad a chomhlánú de láimh nó go digiteach (ach iad a phriontáil agus a shíniú ina dhiaidh sin).

- Foirm A Foirm don Mharc Céatadáin Measta chun marc measta gach scoláire a thaifeadh
- Foirm B: Foirm don Rang-Ord Ranga chun rang-ord an ranga áirithe sin a thaifeadh
- Foirm C: Síniú na scoile don mharc measta i gcás ábhair a ndearnadh staidéar air taobh amuigh den scoil
- Foirm D: Iontráil ar ábhar nach féidir leis an scoil síniú a thabhairt ar mharc measta ina leith.

Cuid II: Marcanna agus rang-ordú a mheas

6. Breithiúnas gairmiúil

Cuid lárnach de shamhail na nGrád Ríofa is ea dul i dtuilleamaí bhreithiúnas gairmiúil na múinteoirí, lena n-áirítear príomhoidí agus príomhoidí tánaisteacha, chun an meastachán is fearr is féidir a sholáthar ar an mbealach is dóichí a bhfeidhmeodh gach scoláire sa scrúdú dá mba rud é nár tharla an cur isteach de bharr COVID-19.

Is eol dúinn go bhfuil cuid mhór eolais ag scoileanna in Éirinn ar ghnóthachtálacha foghlama a gcuid scoláirí, ach ní hionann an comhthéacs agus na cúinsí ina ndéantar na sonraí sin a bhailiú i ngach scoil. Úsáideann formhór na scoileanna réimse trialacha, mar shampla, ach d'fhéadfadh sé nach ionann ábhar, struchtúr agus stíl na dtrialacha sin. Déanann múinteoirí éagsúla iad a mharcáil ar bhealaí éagsúla – measann cuid acu, mar shampla, gur cheart bréagscrúduithe a mharcáil go dian chun scoláirí a spreagadh, ach bíonn cuid eile acu níos boige leis an marcáil chun scoláirí nach bhfuil mórán féinmhuíne acu a spreagadh. Is eol dúinn freisin go ndéanann scoileanna sonraí den chineál sin a bhailiú agus a thaifeadadh ar bhealaí éagsúla. Sin an fáth a bhfuil breithiúnas gairmiúil na múinteoirí thar a bheith tábhachtach chun gnóthachtáil gach scoláire a mheas go cruinn.

Mar thoradh ar bhreithiúnas gairmiúil an mhúinteora, is féidir réimse den fhianaise atá ar fáil i dtaca le feidhmíocht dhóchúil scoláirí a tharraingt le chéile, de réir mar is cuí. Tá eolas ag múinteoirí ar a gcuid scoláirí agus is féidir leo cothromaíocht a aimsiú idir cineálacha éagsúla fianaise chun teacht ar bhreithiúnas gairmiúil maidir le feidhmíocht ionchasach gach scoláire.

Ar na cúiseanna sin agus ar chúiseanna eile, ní mór go gcuirfeadh sonraí ábhartha bonn eolais oiriúnach faoi na breithiúnais ghairmiúla a bheidh i gceist, ach níor cheart go gcuirfeadh sonraí den chineál sin an iomarca srianta ar na breithiúnais sin ná go mbeadh forlámhas acu orthu. Dá réir sin, ní fhéadfaidh an tsamhail do na gráid ríofa a d'fhorbair an Roinn cothroime a chinntiú má úsáidtear samhlacha staitistiúla nó algartamacha – cosúil leo siúd a chuireann cuideachtaí tráchtála ar fáil – agus sonraí á ngingniúint ag leibhéal na scoile agus ní mór a n-úsáid a sheachaint.

7. An fhianaise a chuirfidh bonn eolais faoin mbreithiúnas gairmiúil

Ba cheart go mbainfeadh múinteoirí feidhm as réimse fianaise chun tacú leis an mbreithiúnas a dhéanann siad agus marcanna agus rang-ordú scoláirí á meas acu. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí measúnaithe, idir ghníomhaíochtaí foirmitheacha agus ghníomhaíochtaí suimitheacha, ar tugadh fúthu le linn an chúrsa staidéir a chur san áireamh. Nuair a bheidh cineál na fianaise a úsáidfear á bhreithniú, tá sé an-tábhachtach nach ndéanfaí ach fianaise a bhaineann le feidhmíocht scoláirí a bhreithniú.

Mar thoradh ar uainiú dhúnadh na scoileanna agus an t-am den bhliain ar tharla sé sin, aithnítear go mbeidh difríochtaí idir réimse agus méid na fianaise a bheidh ar fáil ar fud na n-ábhar. Ba cheart go mbunófaí na breithiúnais ar an bhfianaise atá ar fáil. De bhrí gur tháinig deireadh leis an teagasc go léir do scoláirí na hArdteistiméireachta le héifeacht ón 11 Bealtaine, **ní fhéadfar**, anois, measúnuithe breise, bréagscrúduithe ná tascanna a bhaineann le hobair bhaile a leagan amach ar mhaithe le marc céatadáin measta a chinneadh. Ina theannta sin, níor cheart go mbeadh scoláirí faoi mhíbhuntáiste más rud é nach raibh ar a gcumas aon obair a leagadh amach dóibh tar éis dhúnadh na scoileanna ar an 12 Márta a chur i gcrích.

Sa chás gur cuireadh obair bhreise i gcrích tar éis an dáta sin, iarrtar ar mhúinteoirí cúram cuí a ghlacadh áit a léiríonn an fhianaise sin athrú ar fheidhmíocht an scoláire. I mórán cásanna, d'fhéadfadh sé gur léiriú ar na cúinsí agus ar an gcomhthéacs inar cuireadh an obair i gcrích a bheadh ann seachas an méid a tharlódh dá mbeadh gach rud mar is gnách.

Nuair a bhíonn tú ag iarraidh a dhéanamh amach ar cheart nó nár cheart cineál áirithe fianaise tacaíochta a bhreithniú, fiafraigh díot féin:

- An mbaineann an fhianaise go sonrach le feidhmíocht agus le gnóthachtáil an scoláire?
- An féidir teacht ar an bhfianaise? (Más gá teagmháil a dhéanamh leis an scoláire chun teacht ar an bhfianaise sin, níor cheart í a chur san áireamh.)
- An bhfuil sé indéanta an fhianaise sin a bhreithniú taobh istigh den am atá ar fáil?
- An dócha go bhfeabhsóidh an fhianaise sin cáilíocht an bhreithiúnais ghairmiúil a dhéanfar?
- Má tá teacht ar an bhfianaise i gcás roinnt scoláirí ach nach bhfuil teacht uirthi i gcás roinnt eile scoláirí, an féidir í a bhreithniú ar bhealach nach mbeidh ceachtar den dá ghrúpa faoi mhíbhuntáiste mar thoradh ar an mbreithniú?

Ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh freisin:

- Ba cheart go mbeadh marcanna agus rang-ordú scoláirí bunaithe ar an tuiscint go ndeachaigh a gcuid scolaíochta ar aghaidh mar is gnách in 2020, gur chríochnaigh na scoláirí aon chomhpháirteanna ábhartha den obair chúrsa, go ndearna siad na béaltrialacha agus na trialacha praiticiúla agus go ndearna siad na scrúduithe faoi na gnáthchúinsí.
- Ba cheart go gcuirfí fianaise faoi fheidhmíocht an scoláire ó ghníomhaíochtaí measúnaithe foirmitheacha agus suimitheacha san áireamh sa mheastachán. Tá an t-eolas agus an taithí atá ag múinteoirí ar an gcuraclam agus ar an scrúdú fíorthábhachtach maidir leis an bpróiseas sin. Ba cheart go mbainfí leas sna breithiúnais as doiciméid atá ann cheana féin agus as fianaise eile atá ar fáil, agus go dtabharfaí aird ar aon socrúithe réasúnacha a bhfuil feidhm leo i gcás scoláirí ar leith.

- Úsáideann múinteoirí fianaise gach lá agus scoláirí atá i mbun oibre á mbreathnú acu agus gníomhaíochtaí foghlama á bpleanáil agus á gcoigeartú acu. Ní hionann breithiúnais a bhunú ar fhianaise agus breithiúnais a bhunú ar *thaifid* na fianaise. Tá sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar na taifid ábhartha go léir atá ar fáil, ach tá sé chomh tábhachtach céanna gan a bheith róshrianta agus breithiúnais á ndéanamh, áit nach gcuirtear san áireamh ach na cineálacha fianaise ónar gineadh na taifid sin. Ní bheidh gach cineál fianaise fréamhaithe i dtaifid.

Níor cheart an fhianaise thacaíochta a breithníodh a chur isteach in éineacht leis an marc measta agus leis an rang-ordú. Cuimsíonn an marc measta agus an rang-ordú (is é sin na foirmeacha comhlánaithe) na doiciméid go léir atá le cur faoi bhráid an phríomhoide.

Féadfaidh siad seo a leanas bonn eolais a chur faoi bhreithiúnas gairmiúil:

<p>Taifid ar fheidhmíocht thar an tréimhse staidéir</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Réimse fianaise. ▪ D’fhéadfadh sé athrú ó ábhar go hábhar. ▪ Tascanna, tionscadail agus turgnaimh a cuireadh i gcrích mar chuid de ghnáthghníomhaíochtaí foghlama. ▪ Cáilíocht na hoibre i ngníomhaíochtaí ranga.
---	--

<p>Feidhmíocht i measúnuithe ranga</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Scrúduithe tí, scrúduithe Nollag, measúnuithe míosúla nó ag deireadh an téarma, scrúduithe an tsamhraidh agus bréagscrúduithe (ach bheith faichilleach). ▪ Cuir cáilíocht gach trialach san áireamh, an leibhéal deacrachta agus an cuspóir a bhí léi. Cuidíonn sé sin le léiriú a dhéanamh ar cháilíocht na feidhmíochta a théann thar an marc.
--	---

<p>Tabhair an t-ualú oiriúnach do gach comhpháirt (scríofa, ó bhéal praiticiúil, etc.)</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Marc aonair carntha is ea an marc measta do na comhphárteanna go léir den scrúdú (scríofa, béaltrial, cluastuiscint, obair phraiticiúil agus obair chúrsa) agus an gnáthualú á thabhairt do gach comhpháirt. (Ach amháin i gcás Eacnamaíocht Bhaile – alt 14.1) ▪ Níor cheart do mhúinteoirí bronnadh marcanna iomlána a chuimsiú i leith ghné na béaltrialach i gcás teanga ná i leith léiriú i gcás an cheoil. Bhí an cinneadh a rinneadh roimhe seo na measúnuithe sin a chur ar ceal agus marcanna iomlána a bhronnadh bunaithe ar an tuiscint go rachadh na comhphárteanna eile ar aghaidh mar is gnách agus níl sé sin i gceist a thuilleadh.
--	---

<p>Feidhmíocht i gcomhphárteanna obair an chúrsa, fiú mura bhfuil siad críochnaithe</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Baineann sé le hábhair a bhfuil comhpháirt a bhaineann le hobair chúrsa iontu. ▪ Breithnigh cáilíocht na rannpháirtíochta agus cáilíocht na hoibre a cuireadh i gcrích. ▪ Mar shampla, i gcomhthéacs an Imscrúdaithe Tíreolaíochta, cé chomh maith agus a chuaigh an scoláire i ngleic leis an bpleanáil agus leis an ullmhúchán don imscrúdú agus le bailiú eolais? ▪ I gcás na hInnealtóireachta agus i gcás Staidéar Foirgníochta, cuirfidh na scileanna praiticiúla a léiríodh sa tionscadal bonn eolais faoin bhfeidhmíocht dhóchúil ar an lá sa scrúdú praiticiúil.
---	--

Torthaí a baineadh amach roimhe seo san ábhar sin sa scoil

- Nuair a bheidh siad sin á léirmhíniú, bain leas freisin as do chuid eolais agus as do chuid taithí ar struchtúir agus ar éilimh an scrúdpháipéir ag an leibhéal lena mbaineann.

Scoláirí na bliana seo a chur i gcomparáid le scoláirí a teagascadh roimhe seo

- Conas a d'éirigh le scoláirí a raibh an cumas céanna acu sna blianta roimhe seo sa scrúdú.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh taifid ar fáil ó bhainistíocht na scoile chun cabhrú le múinteoirí sa ghné sin.

Aon eolas ábhartha eile

- Tionscadail agus gníomhaíochtaí a rinne scoláire faoi leith a chuir feabhais ar a c(h)uid eolais agus ar a c(h)uid tuisceana ar an ábhar agus a d'fheabhsódh a f(h)eidhmíocht dhóichúil.


8. An breithiúnas tosaigh a dhéanamh maidir le marcanna agus rang-orduithe

Tá cothroime phróiseas na ngrád ríofa ag brath go han-mhór ar shonraí ardchaighdeáin a fháil ó scoileanna.

8.1. An 'meastachán is fearr' ón scoil ar an marc céatadáin 'is dóichí'

Iarrtar ar scoileanna an meastachán is fearr dá gcuid a chur ar fáil ar an marc céatadáin foriomlán arb é an marc é is dóichí a bheadh le fáil ag gach scoláire i ngach ábhar dá mba rud é nár tharla an cur isteach de bharr COVID-19 riamh.

Tá sé soiléir nach féidir le duine ar bith an marc beacht a gheobhaidh scoláire ar bith a mheas go cinnte. Ní hé sin atá ag teastáil. Is cuma cé mhéad cinnteachta nó neamhchinnteachta a bhaineann leis an mbreithiúnas, tá an marc 'is dóichí' ann i gcónaí. Tá sé fíorthábhachtach don phróiseas go dtabharfaidh an scoil an marc *is dóichí* seo agus ní, mar shampla, an marc a mbeadh *súil* ag duine go bhfaigheadh an scoláire é, nó an marc a mbeadh seans réasúnta ann go bhfaigheadh scoláire é dá mbeadh 'lá maith' aige/aici. Nuair a bhíonn an méid sin á bhreithniú, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach smaoineamh air i gcomhthéacs na léaráide i bhfíor 1 thíos, ina léiríonn déine an scáthaithe na seansanna go bhfaighidh scoláire marc faoi leith.




Fíor 1: an bhrí atá lena rá gurb é 56% an meastachán is fearr ar an marc “is dóichí”

Ceaptar go dtabharfar formhór na marcanna céatadáin measta mar shlánuimhreacha. Mar sin féin, mura féidir le múinteoir rogha a dhéanamh idir dhá uimhir chongaracha, féadfaidh sé/sí uimhir dheachúil idir an dá cheann a úsáid.

8.2. Do mharcanna measta a spásáil mar is cuí

Tá sé tábhachtach a chinntiú, ar ndóigh, go gcuirfear scoláirí sa rang-ord ceart, ach cuimhnigh freisin go bhfuil na bearnaí idir na marcanna céatadáin measta tábhachtach chomh maith. Mar shampla, má tá scoláire láidir amháin sa rang, ní leor a chinntiú go gcuirfear an scoláire sin chun cinn ar gach duine eile. Tá sé chomh tábhachtach céanna a chinntiú gur léiriú cruinn é an spás idir é/í agus na scoláirí eile ar mhéid na bearna. D'fhéadfadh sé tarlú go mbogfaí na marcanna sin suas nó síos mar thoradh ar an bpróiseas um chaighdeánú staitistiúil a tharlóidh níos déanaí, nó go ndéanfaí na bearnaí sin a shíneadh nó a chúngú, ach ní fhéadfar an toradh is cothroime do gach duine a bhaint amach ach amháin sa chás go gcuirtear na scoláirí san ionad ceart i gcomparáid lena chéile i dtús báire (féach fíor 2).




Fíor 2: Má tá scoláire D i bhfad níos fearr ná scoláirí A, B agus C, ní mór go dtaispeánfadh a gcuid marcanna measta é sin.

8.3. Seachain cnuasú míchuí

Léiríonn an taighde go bhfuil sé de chlaonadh ag daoine gluaiseacht i dtreo iolraí de 5 agus go háirithe iolraí de 10, i ngan fhios dóibh féin, nuair a bhíonn uimhreacha á meas acu. Léiríonn

an taighde freisin go mboğann múinteoirí i dtreo teorainneacha na ngrád agus marcanna do scóir i dtrialacha á meas acu.

Tá sé tábhachtach bheith san airdeall ar an gclaonadh sin (Fíor 3).



Fíor 3: cuireann cnuasú gar do theorainneacha na ngrád bac ar chaighdeánú ceart agus bíonn míchothroime mar thoradh air.

Má dhéantar marcanna a chnuasach ar an mbealach sin ní bheidh na bearnaí idir scoláirí éagsúla cruinn a thuilleadh, agus ciallaíonn sé sin nach léireoidh cuid de na huimhreacha an meastachán is fearr ar an marc is dóichí a thuilleadh. Ní fhéadfaidh an próiseas caighdeánaithe é sin a leigheas i gceart.

Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agat go gcuirtear isteach ar chruinneas comhchoiteann an dáilte má bhogtar na meastacháin do roinnt scoláirí os cionn teorainn ghráid. D'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheadh air sin ná na meastacháin a bhogadh síos beagán i gcás gach duine, agus dá bharr sin beidh scoláirí eile sa rang (nó i rang eile sa scoil) faoi mhíbhuntáiste. Bainfear amach an chothroime is fearr is féidir do gach duine má fhaigheann an Roinn an fíormheastachán is fearr do gach scoláire i ngach cás.

Mar an gcéanna, tá sé tábhachtach bheith san airdeall ar an gclaonadh atá ann meastachán a bhogadh síos ionas nach mbeidh sé róghar don chéad teorainn ghráid eile. Má dhéantar é sin, agus má bhogtar na marcanna go léir suas beagán mar thoradh ar an bpróiseas caighdeánaithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh an scoláire sin faoi mhíbhuntáiste mar go bhfuil an meastachán rófhada ón teorainn. Arís eile, bainfear amach an chothroime is fearr do gach duine má chuirtear isteach an fíormheastachán is fearr i ngach cás.

Tá sé tábhachtach bheith ar an eolas faoin gclaonadh atá ann marcanna a bhogadh os cionn teorainneacha nuair a bhítear ag déileáil le marcanna atá gar do theorainn ghráid atá thar a bheith tábhachtach, amhail an teorainn idir grád 7 agus grád 8 ag an Ardleibhéal. Mar shampla, más é 28% nó 29% an meastachán is fearr ar an marc is dóichí, bheadh an-chathú ar dhuine é sin a thaifeadh mar 30%. Mar sin féin, faoi mar a tuairiscíodh roimhe seo, d'fhéadfadh scoláire eile i do scoil, a bhí san ionad ceart díreach os cionn na teorann, titim faoina bun sa phróiseas caighdeánaithe.

8.4. Claontacht neamh-chomhfhiosach a sheachaint

Tá sé an-tábhachtach go mbeifí aireach i gcónaí i dtaca le foinsí a bhféadfadh claontacht neamh-chomhfhiosach eascairt astu, ar claontacht í a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na meastacháin. Mar shampla, léiríonn taighde i mórán tíortha gur minic a bhíonn tionchar ag taithí agus ag dearcadh an mhúinteora ar iompar an scoláire sa seomra ranga ar mheastacháin an mhúinteora ar fheidhmíocht an scoláire. Má táthar airdeallach ar an bhfoinse seo don

chlaontacht neamh-chomhfhiosach, is mó an seans go ndéanfar scrúdú níos oibiachtúla ar an bhfianaise agus go ndíreofar ar fhianaise a bhaineann go sonrach le gnóthachtáil san ábhar agus nach mbaineann le tosca eile. Ar an mbealach céanna, tugann an taighde le tuiscint freisin go bhféadann an t-eolas atá ag múinteoirí nó a mheasann siad a bheith acu ar chúlraí scoláirí, amhail a gcúlra socheacnamaíoch nó a gcúlra teaghlach, tionchar neamh-chomhfhiosach a imirt ar mheastacháin múinteoirí. Más eol gur féidir leis sin tarlú, tá seans níos fearr go ndíreoidh an múinteoir ar fhianaise agus ar an gcúis a gceaptar go mbainfidh scoláire faoi leith caighdeán faoi leith amach.

8.5. Ailíniú ar fud ranganna

Tiocfaidh an gá atá le caighdeáin a ailíniú ar fud ranganna chun cinn sa chás:

- Go bhfuil dhá rang-ghrúpa éagsúla á dteagasc san ábhar ag an múinteoir céanna
- Go bhfuil rang-ghrúpaí éagsúla Ardteistiméireachta á dteagasc san ábhar ag beirt mhúinteoirí nó níos mó.

D'fhéadfadh sé go mbeadh dhá rang-ghrúpa á dteagasc ag múinteoir amháin agus iad in ainm a bheith ina ranganna cumais mheasctha, ach le fírinne go bhfuil grúpa amháin níos láidre ná an grúpa eile – mar thoradh, b'fhéidir, ar éifeachtaí an fhéinroghnaithe a tharla mar thoradh ar na hábhair eile atá ar an tráthchlár os comhair an ábhair sin i 'mbloic' an tráthchláir. Le linn an chláir, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé de chlaonadh ag an múinteoir grúpa amháin a mharcaíl níos éasca ná an grúpa eile, mar thoradh ar a raibh de dhíth chun iad a spreagadh, dar leis/léi.

Chun go mbeidh próiseas na ngrád ríofa atá á chur i bhfeidhm ag an Roinn cothrom do gach duine, ní mór an claonadh sin a chur ar leataobh ionas nach mbeidh tionchar míchuí ag an rang ina bhfuil sé/sí ar mheastachán aon duine de na scoláirí sin.

Tá sé rithábhachtach freisin go ndéanfaí caighdeáin a ailíniú i measc múinteoirí éagsúla an ábhair chéanna sa scoil chéanna. Tá fianaise mhaith agus modhanna staitistiúla iontaofa chun caighdeáin a ailíniú in ábhar ar leith ar fud scoileanna éagsúla sa phróiseas caighdeánaithe a chuirfidh an Roinn i gcrích amach anseo. Mar sin féin, níl sonraí ná fianaise ag an Roinn den chineál a cheadódh athailíniú iontaofa a dhéanamh ar chaighdeáin i measc múinteoirí éagsúla sa scoil chéanna.

Is é sin an fáth a bhfuil na nósanna imeachta maidir le hailíniú nach mór a leanúint ag leibhéal na scoile an-tábhachtach. Ní fhéadfar cothroime ar fud rang-ghrúpaí éagsúla atá ag tabhairt faoin ábhar céanna laistigh de scoil a bhaint amach ach amháin sa chás go mbeidh rannpháirtíocht atá iomlán agus cúramach sna nósanna imeachta a bhaineann le hailíniú laistigh den scoil. Déileáiltear leis an bpróiseas a bhaineann leis sin níos faide ar aghaidh sa treoir seo san alt dar teideal *an próiseas ailínithe ionscoile*.

9. Foirm A a chomhlánú – an marc céatadáin measta

Nuair a bheidh breithniú déanta ag an múinteoir ar an bhfianaise atá ar fáil i leith scoláire, féadfar breithiúnas tosaigh a dhéanamh maidir leis an marc céatadáin is dóichí a bhainfeadh an scoláire amach ag an leibhéal lena mbaineann agus Foirm A a chomhlánú (mar dhréacht) dá réir. Ní mheasfar an meastachán a bheith críochnaitheach nó go mbeidh sé gafa trí phróisis

ailínithe agus mhaoirseachta na scoile agus, mar thoradh ar na próisis sin, go ndéanfar marc céatadáin measta na scoile de.

Ba cheart go mbeadh an marc céatadáin measta do gach scoláire sa rang bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil an mhúinteora, agus cothromaíocht á haimsiú idir na foinsí éagsúla fianaise a ndearnadh cur síos orthu roimhe seo. Tá eolas breise a bhaineann le hábhair ar leith ar fáil níos faide ar aghaidh sa doiciméad. Teastaíonn marcanna measta i leith na scoláirí go léir le go bhfeidhmeoidh an tsamhail do na gráid ríofa. Ba cheart go mbeidís ag freagairt don leibhéal a bhfuil an scoláire iontráilte ina chomhair, a ndearnadh cur síos air roimhe seo.

Tá sé an-tábhachtach go mbeadh comhsheasmhacht ag baint leis an gcaighdeán a fheidhmítear i leith gach scoláire. Cuireadh an fhoirm don Mharc Céatadáin Measta (Foirm A) ar fáil mar chúnadh chun a bheith córasach faoin bpróiseas. Ba cheart foirm ar leith a chomhlánú do gach scoláire ar leith. Ní mheastar na marcanna céatadáin measta a chuireann an múinteoir isteach ar an bhfoirm a bheith críochnaitheach nó go mbeidh próisis ailínithe agus mhaoirseachta an ábhair curtha i gcrích, agus ag an bpointe sin is iad sin marcanna céatadáin measta na scoile. Tá sé an-tábhachtach bheith cúramach agus a chinntiú go gcaithfear leis na foirmeacha go léir a bhaineann leis an bpróiseas i gcomhréir le polasaí cosanta sonraí na scoile, mar a shonrófar níos faide anonn.

Tugtar roinnt eolais sa bhreis maidir le marc céatadáin measta a ghiniúint i gcás na hArdteistiméireachta Feidhmí in alt 14.2.

10. Foirm B a chomhlánú – an rang-ord ranga

Nuair a bheidh marcanna measta curtha i gcrích ag an múinteoir do gach scoláire, ba cheart dó/di rang-ordú a dhéanamh do gach rang scoláirí. Teastaíonn rang-ord don rang mar phíosa fianaise sa bhreis chun cuidiú leis an bpróiseas caighdeánaithe a chuirfidh an Roinn i gcrích (chun marc ríofa a tháirgeadh do gach scoláire) tar éis don scoil na sonraí a chur isteach.

Feidhmeoidh an próiseas a bhaineann le cruthú an rang-oird freisin mar chóras breise trínar féidir cros-seiceáil a dhéanamh chun a fháil amach an bhfuil na marcanna céatadáin a bhronn an múinteoir réasúnach i gcomhthéacs an bhealaigh a ndearnadh scoláirí a mheas i gcóimheas lena chéile.

Teastaíonn rang-ord ar leith do gach leibhéal (Ardleibhéal, Gnáthleibhéal, agus Bonnleibhéal) i leith gach ranga. Ba cheart na rang-oird sin a thaifeadadh ar fhoirmeacha ar leith don Rang-Ord (Foirm B) i dtaca le gach leibhéal.

Chun an rang-ord a ullmhú, ba cheart don mhúinteoir an tsraith ábhartha de na Foirmeacha don Mharc Céatadáin Measta (Foirmeacha A) a thógáil agus iad a chur in ord ionas go mbeidh an marc céatadáin measta is airde ag an mbarr agus an ceann is ísle ag an mbun. Ansin, ba cheart an scoláire a aithníodh mar an scoláire a bhfuil an marc céatadáin measta is airde aige/aici a chur isteach mar uimhir a haon ar an bhfoirm agus mar sin de, ag dul tríd an tsraith d’Fhoirmeacha A don rang agus na scoláirí á gcur isteach de réir an oird ina bhfuil a marc céatadáin measta. Ba cheart freisin an marc céatadáin measta do gach scoláire a aistriú ó Fhoirm A go dtí Foirm B.

Má tharlaíonn sé, le linn an phróisis sin, go bhfuil an marc céatadán céanna ag beirt scoláirí nó níos mó, ba cheart an dá chéim seo a leanas a ghlacadh:

1. Breithnigh an é an marc a measadh do gach duine acu an marc ceart nó ar cheart é a bhogadh síos nó suas i gcás aon duine acu. I ndiaidh an bhreithnithe, má cheaptar go bhfuil na marcanna ceart mar atá siad, ba cheart iad a fhágáil mar atá siad. Má chinntear iad a bhogadh suas, ní gá iad a bhogadh mar uimhir iomlán. Féadfar deachúlacha a úsáid, go dtí ionad deachúlach amháin – e.g. 53.2%. (Is ionann é sin agus marcáil as 1000 agus an toradh a thiontú ar ais ina mharc céatadán.)
2. Más rud é, i ndiaidh an bhreithnithe sin, go dtiocfaidh an múinteoir ar an tuairim go bhfuil an marc measta ceart, ní mór cinneadh a dhéanamh maidir le rang-ordú na scoláirí sin. Mar shampla, má tá 74% mar mharc measta ag beirt scoláirí agus má tháinig an múinteoir ar an tuairim gur cheart go bhfanfadh an bheirt acu ar 74%, ba cheart ansin go mbainfeadh an múinteoir feidhm as a b(h)reithiúnas gairmiúil bunaithe ar an bhfianaise go léir atá breithnithe aige/aici chun an scoláire a bhfuil an seans is fearr aige/aici an grád sin a bhaint amach, i dtuairim an mhúinteora, a chur chun tosaigh ar an scoláire eile.

D'fhéadfadh sé go mbeadh cúis ag múinteoir an marc céatadán measta a bronnadh a bhreithniú an athuair, agus i gcásanna mar sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar Fhoirm A agus í a leasú i gcás scoláire amháin nó níos mó.

Ní fhéadfaidh an rang-ord do rang-ghrúpa ar bith aon scoláirí ó lasmuigh den rang-ghrúpa sin a bheith san áireamh ann. I gcásanna ina bhfuil scoláire i mbun staidéir ar ábhar lasmuigh den scoil, níor cheart é/í a chur san áireamh sa rang-ord do rang-ghrúpa ar bith sa scoil. (Déileáiltear leis an gcás sin in Alt 16.1).

Nuair a bheidh na scóir mheasta agus na rang-oird ranga dréachtaithe, ba cheart don mhúinteoir athsheiceáil a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil na marcanna measta ar Fhoirm A ag freagairt do na marcanna measta ar Fhoirm B.

11. An próiseas ailínithe ionscoile

11.1. Cuspóir

Is é an príomhchuspóir atá leis an bpróiseas ailínithe a chinntiú go bhfuil na múinteoirí uilig a bhfuil marcanna céatadán measta á soláthar acu maidir leis an ábhar céanna sa scoil ag feidhmiú caighdeán atá cuí agus comhsheasmhach lena chéile agus é sin á dhéanamh acu. Ní chiallaíonn sé sin, ar ndóigh, go mbeidh nó gur gá go mbeadh dáileadh na marcanna mar an gcéanna do gach rang.

Tá sé mar chuspóir aige freisin a chinntiú, chomh fada agus is féidir sin a dhéanamh, go bhfuil an caighdeán comhroinnte sin ailínithe a oiread agus is féidir leis an gcaighdeán náisiúnta.

Níl sé i gceist sa phróiseas seo ná ní bheidh sé mar thoradh air go gcruthóidh an scoil liostú foriomlán rang-oird do na scoláirí go léir atá ag déanamh an ábhair sa scoil. Is de réir ranga a dhéantar an rang-ordú agus, laistigh den rang, de réir an leibhéil a glacadh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mbainfidh an próiseas caighdeánaithe náisiúnta a chuirfidh an Oifig Feidhmiúcháin um Ghráid Ríofa i gcrích feidhm as ionad rang-oird an scoláire laistigh de rang ar bhealach ar bith a théann lasmuigh den rang sin. Dá bhrí sin, níor cheart an iomarca airde a thabhairt ar na rang-oird laistigh de gach rang sa phróiseas ailínithe ionscoile. Ba cheart go mbeadh an próiseas sin dírithe go príomha fós ar ailíniú caighdeán idir ranganna don ábhar céanna ar an leibhéal céanna.

Chomh maith leis an bpríomhchuspóir atá aige, is é sin ailíniú caighdeán i measc múinteoirí an ábhair chéanna a chinntiú, féadfar an próiseas a úsáid freisin mar dheis dóibh siúd atá rannpháirteach ann chun cros-seiceáil a dhéanamh ar obair chléireachais a chéile, a oiread agus is féidir in imthosca an cháis. Laghdóidh sé sin earráidí uimhriúla agus aistrithe.

Is é breithiúnas gairmiúil na múinteoirí aonair *an t-ionchur* is tábhachtaí sa phróiseas ailínithe. Mar sin féin, nuair a bheidh an próiseas ailínithe críochnaithe, measfar go léiríonn na marcanna céatadáin measta agus na rang-oird ranga breithiúnas gairmiúil comhchoiteann na ndaoine ar fad a bhí páirteach ann, seachas breithiúnas gairmiúil an mhúinteora aonair amháin. Nuair atá an príomhoide sásta go bhfuil an próiseas maoirsithe curtha i gcrích faoi mar a léiríodh in Alt 15, léiríonn na marcanna agus na rang-orduithe sin breithiúnas gairmiúil comhchoiteann na scoile. Is é an marc measta a aistrítear chuig an Roinn marc measta na scoile.

11.2. Cé atá páirteach sa phróiseas ailínithe?

I gcásanna ina bhfuil beirt mhúinteoirí nó níos mó agus ranganna/scoláirí acu atá ag déanamh an ábhair lena mbaineann do na scrúduithe in 2020, is iad sin na múinteoirí a bheidh rannpháirteach sa phróiseas ailínithe. Ní bheidh múinteoirí eile a dhéanann an t-ábhar céanna a theagasc sa scoil ach nach bhfuil rang Ardteistiméireachta acu in 2020 rannpháirteach ann.

I gcás ábhair nach bhfuil ach múinteoir amháin a bhfuil rang aige/aici san ábhar sin do scrúdú 2020, cuirfear an próiseas ailínithe i gcrích in éineacht leis an bpríomhoide tánaisteach nó in éineacht le múinteoir eile don ábhar céanna sa scoil, nach bhfuil rang Ardteistiméireachta aige/aici in 2020, faoi réir chomhaontú phríomhoide na scoile.

Más é/í an príomhoide tánaisteach an t-aon mhúinteoir sa scoil a bhfuil rang scrúdaithe aige/aici san ábhar sin, ansin déantar an próiseas ailínithe a chur i gcrích in éineacht le múinteoir eile don ábhar céanna sa scoil, ar múinteoir é/í nach bhfuil rang Ardteistiméireachta aige/aici in 2020 (má tá sé/sí ar fáil) nó in éineacht leis an dara Príomhoide Tánaisteach, nó in éineacht leis an bpríomhoide.

I gcásanna ina bhfuil an próiseas ailínithe á chur i gcrích ag múinteoir ábhair agus ag príomhoide tánaisteach nach bhfuil aon saineolas aige/aici san ábhar lena mbaineann, feidhmíonn an próiseas ailínithe mar chóras seiceála don mhúinteoir ábhair agus mar dheis don bheirt acu plé a dhéanamh agus athdhearbhú a dhéanamh go bhfuil na marcanna céatadáin measta réasúnach i bhfianaise an eolais atá ar fáil faoin ngrúpa scoláirí sa rang.

11.3. Ullmhú don phróiseas ailínithe agus é a eagrú

Sula gcuirfear tús leis an bpróiseas ailínithe, ba cheart go mbeadh Foirm A comhlánaithe (mar dhréacht) ag an múinteoir do gach scoláire ina rang, agus go mbeadh na foirmeacha sin go léir curtha i rang-ord aige/aici (agus iad deighilte de réir leibhéal). D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach go mbeadh an liostú rang-oird ann freisin, trí fhoirm B a chomhlánú mar dhréacht nó ar bhealach eile.

Tabharfaidh an príomhoide/príomhoide tánaisteach cúnamh do mhúinteoirí chun socrúithe a dhéanamh maidir leis an bpróiseas ailínithe a chur i gcrích. Cuirfidh sé/sí cibé sonraí nó eolas a mheasann sé/sí a bheith úsáideach chun tacú leis an bpróiseas ar fáil do na múinteoirí lena mbaineann – sonraí agus eolas a bhféadfadh sé nach bhfuil siad i seilbh na múinteoirí cheana féin.

Aithnítear, de bharr na n-imthosca speisialta a eascraíonn as COVID-19, go mb'fhéidir go mbeadh ar scoileanna éagsúla an próiseas ailínithe a chur i gcrích ar bhealaí éagsúla. Chun é sin a dhéanamh beidh gá le teagmháil idir múinteoirí, go pearsanta nó ó chian. Beidh cuid acu in ann é ar fad a chur i gcrích ar phár, agus beidh sé riachtanach do roinnt eile ábhar a roinnt go leictreonach nó beidh sé sin mar rogha acu. Ar aon nós, ní mór bheith cúramach go gcaithfear le doiciméid agus go ndéanfar comhráite a reáchtáil ar bhealach atá i gcomhréir le polasaithe cosanta sonraí na scoile (mar atá luaite níos faide anonn sa Treoir seo).

11.4. An próiseas ailínithe a chur i gcrích

Níl aon sraith tascanna atá teorannaithe go dian agus nach mór iad a dhéanamh le linn an phróisis ailínithe. Is é an fáth atá leis sin ná go bhfuil difríochtaí idir

- na comhthéacsanna i scoileanna éagsúla,
- an cineál eolais atá ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí,
- an bealach a n-eagraíonn siad an t-eolas sin, agus
- na cineálacha eolais maidir le feidhmíocht scoláirí a d'fhéadfadh bonn eolais a chur faoi bhreithiúnais ghairmiúla in ábhair éagsúla.

Mar sin féin, d'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith úsáideach mar leideanna don phróiseas:

- Cén t-eolas atá againn ar fad in éineacht ar na rang-ghrúpaí éagsúla a bhfuilimid ag iarraidh caighdeán coiteann a fheidhmiú ina leith? D'fhéadfadh baint a bheith ag an eolas sin lena leanas
 - an bealach a bhfuil na ranganna sruthaithe nó socraithe,
 - an taithí atá againn ar a bheith á dteagasc roimhe seo,
 - scoláirí ar leith a bhog ó cheann dár gcuid ranganna go ceann eile, agus an chomparáid idir iadsan agus scoláirí eile sa rang a d'fhág siad nó sa rang ar bhog siad chuige,
 - má rinne na ranganna éagsúla féinroghnú garbh orthu féin mar ghrúpaí 'níos fearr' nó 'níos laige' mar thoradh ar an mbealach a bhfuil ábhair éagsúla os comhair a chéile ar an tráthchlár.
- Go hachomair, cén t-eolas atá againn a chuidíonn linn lena dhéanamh amach an chaoi a mbeifí ag súil go bhfeidhmeodh na rang-ghrúpaí sin i gcóimheas lena chéile.
- Agus an méid atá thuas á bhreithniú againn, an bhfuilimid cinnte gur dhíriomar ar eolas a bhaineann le gnóthachtáil agus gnóthachtáil ionchasach (seachas, mar shampla, iompar sa seomra ranga)?
- Cén chomparáid atá idir na scoláirí i mo rangsa – i dtaca le cumas, rannpháirtíocht agus gnóthachtáil – agus scoláirí eile a theagasc mé roimhe seo? An bhfuil na tuairimí céanna ag múinteoirí eile maidir leis na grúpaí atá acusan?
- Más cosúil go bhfuil na torthaí measta do ghrúpa amháin níos láidre ná na torthaí measta do ghrúpa eile, an bhfuil cúiseanna maithe leis sin?
- An bhfuil scoláirí ar leith atá an-láidir nó an-lag ag an ábhar seo i gcomparáid le scoláirí sa rang/sna ranganna agus i gcomparáid le scoláirí eile a theagasc mé/a theagascamar?
- Má chuirimid na sraitheanna de mharcanna measta do na grúpaí ar fad le chéile, agus má cheapaimid go bhfuil na scoláirí seo beagnach comhionann le grúpaí roimhe seo, an bhfuil an dáileadh a rinneamar ar na marcanna measta beagnach ar aon dul leis na torthaí a bhaineamar amach sa scoil le blianta beaga anuas? Mura bhfuil, an iad na marcanna measta is cúis leis an neamhréir?

Ní liosta iomlán é seo, agus ní gá na leideanna ar fad a chur san áireamh. Féadfar leas a bhaint as aon eolas a chuirfidh leis an gcothroime nó leis an gcruinneas lenar féidir leis an ngrúpa ailínithe teacht ar dhearcadh gairmiúil comhchoiteann chun a gcaighdeán a ailíniú le chéile.

Maidir leis an bpróiseas measta tosaigh, níor cheart aon fhianaise ná aon eolas a lorg a éilíonn ar mhúinteoir teagmháil a dhéanamh le scoláire ná le tuismitheoir ar bith.

12. I ndiaidh an phróisis ailínithe

D'fhéadfadh sé go rachadh múinteoir ar ais chuig na marcanna measta i dtaca le scoláire amháin nó níos mó, agus mar thoradh air sin go n-athródh an rang-ord freisin (ach ní gá go n-athródh). Dá bhrí sin, i ndiaidh an phróisis ailínithe, ba cheart go ndéanfadh gach múinteoir athbhreithniú ar na marcanna measta agus ar an rang-ord agus iad a choigeartú de réir mar is gá.

I ndiaidh an phróisis ailínithe, tabharfaidh gach múinteoir Foirm A agus Foirm B chun críche do gach leibhéal sna rang-ghrúpaí atá aige/aici. Sula gcuirfear an dá fhoirm faoi bhráid an phríomhoide, ba cheart seiceáil deiridh a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil gach marc ar Fhoirm B ag freagairt don mharc atá ar Fhoirm A an scoláire sin. (Má dhéantar é sin ar fad le chéile le linn an phróisis ailínithe, is féidir socrú a dhéanamh go gcuirfidh duine amháin iad go léir ar aghaidh, nó go gcuirfidh gach múinteoir a c(h)inn féin ar aghaidh, pé acu is oiriúnaí).

Mura bhfuil cúis ag an bpríomhoide rud éigin a chur ar ais chuig an ngrúpa ailínithe, i gcomhréir leis na critéir shonraithe (atá leagtha amach níos faide ar aghaidh sa doiciméad seo), cuireann sé sin críoch le hobair na múinteoirí. Mar sin, tá sé tábhachtach go mbeifí cúramach le cur isteach na sonraí críochnaitheacha sin.

Más rud é go dtuigeann múinteoir ar bith, tar éis dó/di na sonraí a chur isteach, go ndearnadh earráid, féadfaidh sé/sí dul i dteagmháil leis an bpríomhoide chun iarracht a dhéanamh an earráid a cheartú, chomh fada agus go bhfuil dóthain ama ar fáil chun aon leasuithe atá de dhíth a chur i gcrích. Má tharlaíonn sé sin, ní mór don mhúinteoir, don ghrúpa ailínithe ábhair agus don phríomhoide an taifead leasaithe a bhreithniú, sula gcuirfear síniú leis agus sula gcuirfear isteach é.

Tugtar roinnt eolais sa bhreis maidir le héagsúlacht a d'fhéadfadh a bheith sa phróiseas ailínithe i gcás na hArdteistiméireachta Feidhmí in alt 14.2.

Cuid III: Eolas a bhaineann go sonrach le scoláirí, le cláir agus le hábhair

13. Roinnt ceisteanna a bhaineann go sonrach le scoláirí

Scoláirí nua sa rang

Má tháinig an scoláire chuig an rang ó rang eile sa scoil, ba cheart don mhúinteoir dul i gcomhairle leis an múinteoir a bhí aige/aici roimhe seo agus an cháipéisíocht ábhartha a fháil.

Má tháinig an scoláire chuig an rang ó scoil eile, agus má cheaptar nach bhfuil dóthain fianaise ag an múinteoir sa tréimhse ama sin chun breithiúnas maith a dhéanamh, ba cheart dul i gcomhairle leis an bpríomhoide/phríomhoide tánaisteach. Féach alt 16.

Scoláirí a d'athraigh leibhéal le déanaí

D'fhéadfadh sé go bhfuil scoláire amháin nó níos mó scoláirí i rang a d'athraigh leibhéal (ón Ardleibhéal go dtí an Gnáthleibhéal nó ón nGnáthleibhéal go dtí an Bonnleibhéal) nó go bhfaigheann múinteoir fógra ón Roinn, tríd an scoil, go ndearna an scoláire sin leibhéal a athrú. Agus an fhianaise ar ghnóthachtáil atá ar fáil á meas dá leithéid de scoláire, ba cheart don mhúinteoir tarraingt ar an taithí atá aige/aici agus ar an gcaoi ar éirigh le scoláirí cosúil leo nuair a d'athraigh siad ó leibhéal amháin go leibhéal eile.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar shonraí uimhriúla nó gráid i dtaifid tástálacha nó measúnuithe eile, ba cheart don mhúinteoir cuimhneamh gur leagadh amach agus gur marcáladh iad ag caighdeán an leibhéil a raibh sé beartaithe ag an scoláire é a dhéanamh ag an am. Dá bhrí sin, bheadh an fheidhmíocht níos fearr, ar ndóigh, ar thascanna den chineál céanna a leagadh amach agus a marcáladh ag an gcaighdeán a bhaineann leis an leibhéal níos ísle atá roghnaithe ag an scoláire anois.

Agus meastachán á dhéanamh ar mharc do scoláire a d'athraigh leibhéal, ba cheart do mhúinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil a bhunú ar an scoláire atá i gceist, agus ar an taithí atá ag an múinteoir ar scoláirí a d'athraigh leibhéal san am atá caite. Má tá cúnaimh breise ag teastáil, d'fhéadfadh sé go mbeadh an próiseas ailínithe ionscoile ina chabhair ina thaobh sin.

Ag freagairt trí Ghaeilge

I gcás scoláirí a iontráladh chun a gcuid scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge, ba cheart don mhúinteoir a m(h)eastachán ar mharc dóchúil an scoláire a bhunú ar an toimhde go bhfuil an bónas atá le fáil chun an páipéar scríofa a fhreagairt i nGaeilge curtha san áireamh sa mheastachán. Meastar go mbeidh tionchar an bhónais curtha san áireamh ag formhór na múinteoirí atá ag múineadh trí Ghaeilge agus iad ag déanamh a gcéad bhreithiúnais, ionas nach mbeidh aon ghá le ríomh follasach a dhéanamh ar an mbónas. Mar sin féin, má tá aon

mhúinteoir neamhchinnte faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an bónas ina n-ábhar féin, tá faisnéis ar fáil ar láithreán gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit ag <https://www.examinations.ie/?l=ir&mc=ca&sc=im>.

Socrúithe réasúnacha

Sa chás go bhfuil socrú réasúnach ar bith ceadaithe d'aon scoláire (mar shampla, léitheoir, scríobhaí nó tarscaoileadh), ba cheart go mbeadh meastachán an mhúinteora ar fheidhmíocht dhóchúil an scoláire bunaithe ar an toimhde go mbeadh an socrú sin ar fáil dá rachadh na scrúduithe ar aghaidh ar an ngnáthbhealach. Ó tharla go bhfuil sé i gceist go léireodh na socrúithe gnáthbhealach oibre na scoláirí sa rang, níor cheart go mbeadh aon ghá le hidirghabháil faoi leith seachas an tuiscint atá ag an múinteoir ar an gcaoi a n-éiríonn leis an scoláire nuair a bhíonn na tacaíochtaí cuí i bhfeidhm.

14. Eolas a bhaineann go sonrach le cláir agus le hábhair

14.1. Ábhair na hArdteistiméireachta Bunaithe, agus GCAT

Bíonn níos mó ná comhpháirt scrúdaithe amháin i bhformhór na n-ábhar – mar atá, obair chúrsa, dhá pháipéar scríofa, béaltrial nó scrúdú praiticiúil, agus mar sin de. Agus an fhianaise á ualú, ní mór an gnáth-ualú a thabhairt do gach comhpháirt do scrúdú na hArdteistiméireachta.

I gcás na n-ábhar seo, tá aon mharc measta amháin don scrúdú ina iomláine de dhíth, a chuimsíonn gach comhpháirt den scrúdú - ní marc faoi leith do gach comhpháirt.

Teangacha agus ceol

Ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh an cinneadh a rinneadh roimhe seo, is é sin na béaltrialacha sna scrúduithe teanga agus an chomhpháirt taibhithe sa scrúdú Ceoil a chur ar ceal agus lánmharcanna a bhronnadh ina leith, bunaithe ar an tuiscint go rachadh na comhphárteanna eile ar aghaidh mar ba ghnách. Níl an tuiscint sin i bhfeidhm a thuilleadh.

Dá bhrí sin, ba cheart marc measta do na hábhair teanga a bhunú ar an toimhde go ndéanfaí comhpháirt na béaltrialach a réachtáil agus a mharcáil mar is ghnách.

Mar an gcéanna, maidir leis an gCeol, ba cheart an meastachán a bhunú ar an toimhde go rachadh an tástáil ar léiriú ar aghaidh agus go léireodh an scoláire de réir an chaighdeáin a mbeifí ag súil leis uaidh/uaithe.

Ábhair ina bhfuil obair chúrsa mar chuid den scrúdú

Mar atá luaite thuas, ba cheart go mbeadh an meastachán don ábhar ina iomláine agus gach fianaise atá ar fáil curtha san áireamh. Maidir le hobair chúrsa atá curtha i gcrích cheana féin, ba cheart go gcuimseodh an meastachán foriomlán an marc, i dtuairim an mhúinteora, a bhainfí amach don obair chúrsa sin dá ndéanfaí í a mharcáil ar an ngnáthbhealach. Ar an gcaoi chéanna, i gcás nach bhfuil an obair chúrsa críochnaithe, ba cheart go gcuimseodh an

meastachán foriomlán an marc a bhainfí amach, i dtuairim an mhúinteora, don obair chúrsa seo dá ndéanfaí í a mharcáil ar an ngnáthbhealach.

Gairmchlár na hArdteistiméireachta - Nascmhodúil

Tá Fillteán Tionscadail GCAT den obair chúrsa á chur ar ais chuig scoileanna agus b'fhéidir go gcabhródh sé sin le múinteoirí sa phróiseas um marcanna a mheas. Níl siad le marcáil agus tá siad le seoladh ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit iad nuair a bheidh deireadh leis an bpróiseas. Mar an gcéanna le hábhair eile a bhfuil obair chúrsa mar chuid díobh, ba cheart don mharc céatadán measta an fillteán tionscadail den obair chúrsa agus an scrúdú scríofa a chur san áireamh.

Eacnamaíocht Bhaile - Eolaíoch agus Sóisialta

Is é seo **an t-aon** ábhar ina bhfuil níos mó ná comhpháirt scrúdaithe amháin nach mbeidh ar mhúinteoirí ach marc céatadán measta a thabhairt don scrúdú scríofa amháin. Tá an Dialann marcáilte cheana féin ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Ní dhéanfar an marc seo a choigeartú mar chuid den phróiseas um chaighdeánú staitistiúil. Ina ionad sin, cuirfear an marc don Dialann leis an marc ríofa (a bhainfear as caighdeánú an mhairc mheasta a chuireann an scoil ar fáil) chun teacht ar an marc deiridh don ghrádú. Ba cheart caitheamh leis an scrúdú scríofa mar chomhpháirt iomlán agus an marc measta thabhairt as 100%. (Déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna scálú ag am grádaithe).

Agus an marc measta don scrúdú scríofa á bhreithniú, d'fhéadfadh an múinteoir fós féachaint ar rannpháirtíocht an scoláire san obair chúrsa má chuidíonn sé leis an mbreithiúnas gairmiúil maidir leis an meastachán ar mharc dá f(h)eidhmíocht ionchasach sa scrúdú scríofa.

Ábhair Nua - Corpoideachas agus Ríomheolaíocht

Os rud é gurb í seo an chéad bhliain do na scrúduithe sa Chorroideachas agus sa Ríomheolaíocht, ní bheidh sonraí ag múinteoirí maidir leis na torthaí a baineadh amach roimhe seo sa scoil i gcás na n-ábhar sin agus ní bheidh ar a gcumas iad a chur san áireamh chun cuidiú leo sa phróiseas seo. Moltar do mhúinteoirí tagairt a dhéanamh don tsonraíocht agus do na treoirlínte don dá ábhar. Go háirithe, déan tagairt don mhír *Measúnú* den tsonraíocht, agus do na *tuairisceoirí caighdeán* sna treoirlínte. Tá na doiciméid sin ar fáil ar www.curriculumonline.ie.

Mar a shonraítear thuas, ba cheart go mbeadh an meastachán don ábhar ina iomláine, go mbeadh na comhphárteanna go léir á gcur le chéile in aon mheastachán amháin, agus go mbeadh an fhianaise ar fad atá ar fáil á cur san áireamh.

14.2. An Ardteistiméireacht Fheidhmeach - eolas sonrath

Tá próiseas atá mórán ar aon dul leis an gceann ar tugadh breac-chuntas air cheana féin sa doiciméad seo i bhfeidhm chun teacht ar an marc measta agus ar an rang-ord don Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Ba cheart an t-eolas a tugadh níos luaithe a bhreithniú i gcomhar leis an eolas a thugtar thíos agus a bhaineann go sonrath le clár na hArdteistiméireachta Feidhmí.

De bharr leagan amach modúlach chlár ATF, déantar scoláirí a mheas nuair atá gach modúl curtha i gcrích. Dá bhrí sin, chomh maith leis na marcanna measta agus na rang-oird do na measúnuithe nach bhféadfaí a chur i gcrích i mí na Bealtaine do scoláirí Bhliain a Dó (seisiún a ceathair), ní mór do scoileanna na sonraí céanna a sholáthar do scoláirí Bhliain a hAon (seisiún a dó) le haghaidh líon ábhar agus tascanna mar atá leagtha amach thíos.

Cén fhianaise a chuireann bonn eolais faoin mbreithiúnas gairmiúil?

Mar a luadh thuas, tá sé tábhachtach go mbeadh na breithiúnais oibiachtúil, agus níor cheart go gcuirfí san áireamh iontu ach an fhianaise maidir le feidhmíocht an scoláire ó ghníomhaíochtaí um measúnú suimitheach agus foirmitheach. Tá eolas agus taithí ar an gcuraclam agus ar an scrúdú fíor-riachtanach don phróiseas seo mar atá breithniú na fianaise ar fad atá ábhartha agus atá ar fáil.

I measc na fianaise eile atá le breithniú agus a bhaineann go sonrach le clár ATF, tá príomhthascanna atá curtha i gcrích san ábhar do na seisiúin reatha agus do na seisiúin roimhe seo, de réir mar is cuí. De bharr leagan amach imeasctha agus tras-churaclaim an chlár, ba cheart go mbreithneofaí rannpháirtíocht agus feidhmíocht scoláirí i modúil agus i dtascanna roimhe seo a raibh baint acu leis an limistéar ábhair atá faoi chaibidil. Mar shampla, agus an tOideachas Sóisialta á bhreithniú, d'fhéadfaí rannpháirtíocht scoláirí agus a bhfeidhmíocht i dtasc na gCeisteanna Comhaimseartha, atá fréamhaithe san ábhar seo, a chur san áireamh.

Marc measta, rang-ord agus ailíniú ionscoile

Tá cur síos déanta thuas ar an bpróiseas chun teacht ar an marc measta agus ar an rang-ord. Ní mór do mhúinteoirí oibriú go neamhspléach chun teacht ar an dréachtmharc measta agus ar an rang-ord do gach scoláire, agus ina dhiaidh sin déanfaidh an grúpa ailínithe ábhair athbhreithniú agus breithniú orthu. I gcás ATF, tá dhá chur chuige ar féidir iad a leanúint.

1. Is dócha, den chuid is mó, go mbeidh múinteoirí aonair bainteach le teagasc ábhair ATF i scoileanna. Mar gheall air sin, moltar, nuair is féidir, go dtabharfadh an comhordaitheoir ATF faoin bpróiseas ailínithe le múinteoir an ábhair aonair. Tá taithí shuntasach ag an gcomhordaitheoir ar riachtanais an chlár agus ar na scoláirí.
2. Cur chuige eile i leith an phróisis, atá sásúil de bharr leagan amach tras-churaclaim an chlár, ná grúpa múinteoirí (nó iad go léir) a bheith rannpháirteach i gcomhphróiseas amháin chun marcanna, rang-ord agus ailíniú a mheas, le cúnaimh ón gcomhordaitheoir ATF.

Eolas a bhaineann go sonrach le hábhair

Cé go gcuireann scoileanna marc céatadáin measta ar fáil, déanfar iad sin a thiontú ina leithdháileadh creidmheasa cuí in am trátha. Agus ualú á dhéanamh ar fhianaise na n-ábhar a bhfuil níos mó ná comhpháirt amháin iontu, ní mór an gnáth-ualú a thabhairt do gach comhpháirt do scrúdú na hArdteistiméireachta Feidhmí. I gcás na n-ábhar sin, ní mór aon mharc measta foriomlán amháin a thabhairt don ábhar ina iomláine, a chuimsíonn gach comhpháirt den scrúdú - ní marc ar leith do gach comhpháirt.

Croí-Ábhair agus Nuatheangacha Eorpacha

Déantar staidéar ar an mBéarla agus ar Chumarsáid thar dhá bhliain an chláir agus dá bhrí sin ba cheart breithniú a dhéanamh thar an dá bhliain. Ba cheart go gcuimseodh an marc measta an bhéaltrial agus an scrúdú scríofa.

Ar an gcaoi chéanna, tá aon mharc measta carntha amháin ag teastáil don Ghaeilge Chumarsáideach agus do na Nuatheangacha Eorpacha don mheasúnú cainte agus do na scrúduithe scríofa. I roinnt scoileanna, cuirtear iad sin i gcrích in aon bhliain amháin agus ní thar an dá bhliain den chlár. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go bhfuil scoláirí ó Bhliain a hAon agus ó Bhliain a Dó a mbeidh ar a múinteoirí marc céatadáin measta agus rang-ord a chur isteach dóibh. Ba cheart rang-ord ar leith a chur i gcrích do gach rang.

Tá aon mharc measta amháin ag teastáil freisin do scoláirí ag tabhairt faoi theanga chomharthaíochta.

Sainchúrsaí Gairme

Mar chuid de na Sainchúrsaí Gairme tá scrúdú scríofa agus comhpháirt eile (tionscadal nó tástáil feidhmíochta praiticiúla). Ba cheart go mbeadh an marc measta don dá chomhpháirt le chéile. Faoi mar a leagadh amach thuas, d'fhéadfadh sé go bhfuil an obair chúrsa curtha i gcrích go hiomlán nó go páirteach. Chun teacht ar an marc measta, ba cheart don mhúinteoir smaoineamh ar cháilíocht na hoibre atá curtha i gcrích ag an scoláire, cáilíocht a rannpháirtíochta agus an leibhéal feidhmíochta thar an tréimhse staidéir, agus an cháilíocht a mbeifí ag súil léi san obair a bheadh curtha i gcrích dá leanfadh an scoilbhliain ar aghaidh mar ba ghnách.

Tascanna

Bliain a hAon (Seisiún a Dó):

Tá marc céatadáin measta agus rang-ord ag teastáil do scoláirí Bhliain a hAon do thascanna i nGairmullmhúchán, Gairmthreoir agus Machnamh Pearsanta.

Bliain a Dó (Seisiún a Ceathair) Tasc Machnaimh Phearsanta:

Cé go bhfuil ráiteas bhliain a haon curtha isteach ag scoláirí chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit, níor marcáladh é agus ní dhéanfar é a mharcáil de bharr na gcúinsí reatha. Dá bhrí sin, ní mór do scoileanna marc measta a chur ar fáil don mhéid a mbeidís ag súil a bheith bainte amach ag gach scoláire dá mbeadh ráiteas Bhliain a Dó curtha i gcrích agus marcáilte le ráiteas Bhliain a hAon. I bhfocail eile, is é atá sa mharc measta ná marc measta don dá ráiteas le chéile. Tá rang-ord don rang ag teastáil freisin.

Cur i gcrích sásúil na modúl

I gcás modúl ar bith a bhí ar siúl i Seisiún 2 (scoláirí Bhliain a hAon) nó Seisiún 4 (scoláirí Bhliain a Dó) féadfaidh an creidmheas um chur i gcrích sásúil a bhronnadh ar gach scoláire don mhodúl sin, má tá an scoil sásta gur ghlac an scoláire páirt ar bhealach dáiríre sa mhodúl atá i gceist. Ní gá le leibhéal an rannpháirteachais ach go léirítear dóchúlacht réasúnta go mbeadh an modúl curtha i gcrích ag an scoláire, ag tabhairt sochar an amhrais réasúnta don scoláire.

Tascanna déanacha ó sheisiúin a haon agus a trí

Maidir le scoláirí nach raibh in ann a bheith i láthair don mheasúnú ina dtascanna i seisiúin a haon agus a trí, agus a raibh deis le tabhairt dóibh dul faoi mheasúnú i mí na Bealtaine 2020, ba cheart marcanna céatadáin measta a chur ar fáil ina leith. D'fhéadfadh sé nach mbeadh ach aon scoláire amháin san áireamh sa rang-ord sna cásanna seo.

Cuid IV: Maoirseacht ag an bpríomhoide

15. Maoirseacht ar an bpróiseas marcanna agus rangaithe ag an bpríomhoide

I gcomhréir le prionsabail na cothroime, an chothromais agus na hoibiachtúlachta, déanfaidh an príomhoide athbhreithniú ar an bpróiseas a cuireadh i bhfeidhm ar bhailiú sonraí chun a chinntiú go gcaithfear go cothrom le scoláirí ar leith agus chun a chinntiú go gcuirfear caighdeán cuí i bhfeidhm laistigh den scoil agus go bhfuil an caighdeán sin comhsheasmhach i gcásanna ina ndéantar níos mó ná grúpa ranga amháin a iontráil le haghaidh ábhair.

Ba cheart dó/di athbhreithniú a dhéanamh ar Fhoirmeacha B maidir leis an marc measta do gach rang-ghrúpa chun a dheimhniú chomh fada agus is féidir sna cúinsí go bhfuil an caighdeán atá curtha i bhfeidhm ag na múinteoirí cothrom agus cuí. Tá tábhacht ar leith leis seo nuair atá níos mó na múinteoir amháin ag teagasc an ábhair. Déantar Foirmeacha B a athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil comhsheasmhacht ann ó thaobh caighdeáin de idir múinteoirí agus go bhfuil na caighdeáin inchomparáide i dtaca leis an marc céatadán measta. Ní chiallaíonn comhsheasmhacht caighdeán den chineál seo idir múinteoirí gur cheart go mbeadh dáileadh na marcanna do gach rang mar an gcéanna. Ba cheart go mbeadh an príomhoide, bunaithe ar an eolas atá aige/aici ar an scoil, mar aon leis an taithí atá aige/aici ar thorthaí scrúduithe ó bhlianta roimhe, in ann breithiúnas a thabhairt i leith na gcaighdeán atá á gcur i bhfeidhm agus má tá siad ailínithe den chuid is mó.

Más cosúil go bhfuil aimhrialtacht nó earráid tagtha chun cinn, ba cheart na tacair sonraí a chur ar ais chun go ndéanfadh an grúpa ailínithe ábhair tuilleadh athbhreithnithe orthu. I gcúinsí den sórt sin, níl aon ról ag an bpríomhoide maidir le marc nó rang-ord measta scoláire a athrú; is é a ról ná na marcanna/rang-oird a ceistíodh a thabhairt ar ais chuig an ngrúpa ailínithe ábhair chun go ndéanfaí tuilleadh athbhreithnithe orthu.

Féadfaidh príomhoide na tacair sonraí a chur ar ais chuig an ngrúpa ailínithe ábhair chun go ndéanfaí tuilleadh athbhreithnithe orthu má chreideann sé/sí go réasúnach go bhféadfadh feidhm a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:

- Má bhí locht i dtaobh nós imeachta sa phróiseas suas go dtí an pointe seo – mar shampla mí-ailíniú idir an marc measta agus an rang-ord i gcás rang-ghrúpa
- Má bhí neamhréireachtaí gan mhíniú sna tacair sonraí a cuireadh isteach tar éis chéim ailínithe an ábhair
- Má tá fianaise an-láidir ann nach bhfuil marc measta an scoláire ag teacht le heolas na scoile ar ghnóthachtáil an scoláire ó réimse foinsí
- Má tá fianaise ann go bhfuil easpa oibiachtúlachta (i.e. claontacht, idirdhealú, tionchar míchuí) sna nósanna imeachta mar a cuireadh i bhfeidhm iad.

I gcásanna ina gcuireann an príomhoide na tacair sonraí ar ais chuig an ngrúpa ailínithe ábhair chun tuilleadh breithnithe a dhéanamh orthu, cuireann an príomhoide in iúl an chúis/na cúiseanna/forais shonraithe atá le tabhairt ar ais na sonraí. Tá na forais shonraithe teoranta

do cheann amháin nó níos mó de na forais thuas. Déanfaidh an grúpa an foras nó na forais shonraithe a bhreithniú, agus má mheastar é sin a bheith riachtanach, déanfaidh an grúpa aon choigeartuithe a mheasfar a bheith cuí agus cuirfidh sé a bhreithniú deiridh ar ais chuig an bpríomhoide.

Nuair atá an próiseas chun na tacair sonraí a athbhreithniú críochnaithe agus nuair atá an príomhoide sásta go bhfuil an próiseas ailínithe, agus, más bainteach, an t-athbhreithniú déanta de mheon macánta de réir na Treorach seo, ba cheart don phríomhoide Foirm B do gach rang a chomhshíniú. Tosóidh an duine(na daoine) ar tugadh an cúram dó/di/dóibh na sonraí a chur isteach, ag cur isteach na sonraí ag baint úsáid as an sainchóras um bailiú sonraí. Tá sonraí an chórais sin á gcur i gcrích faoi láthair. Beidh treoir ar leith dóibh siúd atá bainteach leis an bpróiseas seo um chur isteach sonraí.

Nuair atá an tacar deiridh de na marcanna measta agus an rang-ord do gach rang curtha isteach, síneoidh an príomhoide leagan clóite den tacar sonraí deiridh. Beidh sé seo le ceangal leis an bhFoirm B cuí. Beidh sé seo ina dheimhniú go raibh na próisis go léir curtha i gcrích ag an am ar cuireadh isteach na sonraí.

Ba cheart Foirmeacha A agus Foirmeacha B a choimeád go sábháilte sa scoil go dtí go mbeidh deireadh leis na próisis achomhairc.

Nuair atá na sonraí go léir do na hábhair go léir curtha isteach, ceadóidh an córas amharc ar fhoireann iomlán na marcanna measta a cuireadh isteach do gach scoláire ar aon scáileán amháin mar sheiceáil deiridh.

16. Bearta sonracha le tabhairt faoi deara

16.1. Ábhair taobh amuigh den scoil

Nuair atá staidéar á dhéanamh ag scoláire ar ábhar taobh amuigh den scoil, ba cheart gach iarracht a dhéanamh marc measta a chur ar fáil nuair atá an príomhoide muiníneach go bhfuil dóthain fianaise ar ghnóthachtáil an scoláire ann chun breithiúnas oibiachtúil a dhéanamh. Más ábhar é atá á theagasc sa scoil, **níor cheart** go mbeadh an scoláire (nó na scoláirí) a bhfuil staidéar á dhéanamh acu ar an ábhar taobh amuigh den scoil san áireamh sa rang-ord d'aon ghrúpa ranga.

Tá sé i gceist go dtabharfaidh Sainchabhróir na Scrúduithe cúnamh don phríomhoide/phríomhoide tánaisteach chun scoláirí den chineál sin a aithint. Chun cuidiú le Sainchabhróir na Scrúduithe leis an bpróiseas, cuirfear rolla scoile ar fáil de na scoláirí agus na hábhair ar iontráladh iad dóibh. Má tá teagasc á fháil ag an scoláire taobh amuigh den scoil, atá á chur ar fáil ag múinteoir cláraithe, ba cheart don phríomhoide meastachán ar fheidhmíocht a iarraidh ar an múinteoir sin agus bunús an mheastacháin sin a chuireann sé/sí ar fáil a phlé leis/léi. Comhlánóidh an múinteoir sin Foirm A agus beidh ar an bpríomhoide Foirm C a chomhlánú agus a shíniú lena dheimhniú go bhfuil fianaise ann chun tacú leis an mbreithiúnas atá déanta. Níl aon ghá le Foirm B.

Mura bhfuil an scoláire á t(h)eagasc ag múinteoir cláraithe, beidh ar an bpríomhoide a bhreithniú an bhfuil dóthain fianaise ann, le teagascóir san áireamh, chun meastachán a dhéanamh. Mura bhfuil dóthain fianaise ann, ní dócha go mbeidh an Roinn in ann grád ríofa a ghiniúint don scoláire seo san ábhar sin. Cuspóir tábhachtach amháin a bhaineann le húsáid modúl na ngrád ríofa san éigeandáil sláinte reatha ná aitheantas a thabhairt do ghnóthachtálacha foghlama an líon is mó scoláirí agus is féidir ar bhealach a ligeann dóibh dul ar aghaidh chuig an oideachas tríú leibhéal nó chuig saol na hoibre. Dá bharr sin, ba cheart gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun bonn fianaise sásúil a fháil. Mar sin féin, má tharlaíonn sé, tar éis gach iarracht fianaise a aithint chun breithiúnas a dhéanamh, go bhfuil an príomhoide den tuairim nach bhfuil dóthain fianaise ann chun meastachán a dhéanamh, ba cheart Foirm D a chomhlánú, agus sonraí a chur isteach ar an bhfoirm. Ba cheart na foirmeacha seo a choimeád go sábháilte leis na doiciméid eile agus d'fhéadfadh sé go mbeidís á n-iarraidh ó na scoileanna níos déanaí sa phróiseas.

16.2. Scoláirí nua sa scoil

Mura bhfuil dóthain fianaise ar fáil sa scoil chun meastachán maith a dhéanamh, ba cheart don phríomhoide teagmháil a dhéanamh leis an scoil ina raibh an scoláire roimhe seo chun a fháil amach an féidir eolas breise a fháil chun tacú leis an bpróiseas.

Ba cheart go mbeadh an scoil in ann marcanna measta a chur ar fáil do scoláire mar sin, fiú mura féidir teacht ar eolas ón scoil ina raibh an scoláire roimhe sin. Beidh sé seo ag brath ar cé chomh fada is a bhí an scoláire sa scoil agus méid na fianaise foghlama atá faighte ag an scoil. Ba cheart an méid faisnéise agus is féidir a lorg agus/nó a chur le chéile chun go mbeidh na múinteoirí atá bainteach leis in ann an breithiúnas is fearr agus is féidir a dhéanamh agus cúrsaí mar atá.

16.3. Scoláirí a bhfuil an scrúdú á dhéanamh an athuir acu

Má tá an bhliain á hathdhéanamh ag scoláire sa scoil, tar éis dó/di a bheith ar an rolla sa scoil sin agus é/í ag tabhairt faoin Ardteistiméireacht den chéad uair, ba cheart fianaise na gnóthachtála ón dá thimthriall a chur san áireamh, ach ba cheart ualú ar leith a thabhairt d'obair an scoláire agus dá leibhéal gnóthachtála le linn na bliana athdhéanta. Má tá múinteoir difriúil ag scoláire le linn na bliana athdhéanta ón múinteoir a bhí aige/aici roimhe sin, ba cheart socruithe a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil an múinteoir is déanaí (a mbeidh an meastachán á dhéanamh aige/aici) in ann dul i gcomhairle leis an múinteoir roimhe seo agus go bhfuil rochtain aige/aici ar aon doiciméid riachtanacha.

Má bhí an scoláire ar an rolla roimhe seo i scoil eile, tá feidhm ag na nósanna imeachta céanna a shonraítear thuas maidir le *scoláirí nua sa scoil*.

16.4. Múinteoirí nua nó múinteoirí ionaid

Ba cheart don phríomhoide iarracht a dhéanamh a chinntiú gurb é an duine is fearr chuige a dhéanann na meastacháin ar fheidhmíocht an scoláire. I mórán cásanna, is faoi bhreithiúnas an phríomhoide a bheidh sé sna cúinsí ábhartha. Más rud é, ag an am ar dúnadh an scoil, go raibh rang á theagasc ag múinteoir sealadach nó múinteoir a ceapadh le déanaí, nach mbeadh mórán deise aige/aici aithne a chur ar na scoláirí ná eolas a bheith aige/aici ar a leibhéal

ghnóthachtála, ansin ba cheart an fhéidearthacht a bhaineann le cúnamh a fháil ón múinteoir roimhe sin a bhreithniú. Mar shampla, bheifí ag súil go mbeadh múinteoir a d'éirigh as le déanaí, múinteoir ar shaoire cheadaithe nó múinteoirí eile a bhféadfadh an scoil teagmháil a dhéanamh leo, toilteanach comhoibriú leis an bpróiseas seo ar bhealach ar bith is féidir leo ar mhaithe le leas na scoláirí sna cúinsí seo.

Mar sin féin, aithnítear go mb'fhéidir go bhfuil cásanna ann nach bhfuil aon rochtain ar an múinteoir roimhe seo ar chúiseanna éagsúla. I gcás mar sin, ba cheart socruithe a dhéanamh cúnamh a chur ar fáil don mhúinteoir nua, bíodh sé sin ón bpríomhoide nó ó mhúinteoir eile sa scoil a bhfuil go leor taithí aige/aici. Cibé rud is féidir a dhéanamh chun na meastacháin is fearr a chinntiú sna cúinsí, is é sin an rud ba cheart a dhéanamh.

17. Ag tuairisciú don Roinn

Déanfar cur isteach na sonraí chuig an Roinn a éascú trí fheidhmchlár ar thairseach ESINET nó, i gcás ATF, trí chóras ar líne um bailiú creidmheasanna na modúl. Cuirfear treoir bhreise maidir le cur isteach sonraí chuig an Roinn chuig lucht bainistíochta na scoileanna go luath.

Cuid V: Caighdeánú ag an Roinn

18. Caighdeánú sonraí ag an Roinn

Léiríonn taighde, ós rud é go ndéantar breithiúnais mhúinteoirí i gcomhthéacs gach scoile, gur gá iad a scrúdú agus a choigeartú ar leibhéal náisiúnta chun inchomparáideacht a chinntiú ar fud scoileanna éagsúla agus go gcuirtear caighdeán náisiúnta comhchoiteann i bhfeidhm. Mar gheall air sin, déanfar na sonraí a fhaightear sa scoil a chomhcheangal le sonraí stairiúla trí phróiseas ar a dtugtar caighdeánú chun an grád ríofa a ghiniúint do na scoláirí san ábhar. Tabharfaidh an próiseas caighdeánaithe sin an dá thacar sonraí i gcomhréir lena chéile agus úsáidfear iad chun a chinntiú go léiríonn na gráid ríofa caighdeán atá ailínithe i gceart ar fud scoileanna agus le caighdeán náisiúnta comhchoiteann.

Caomhnaítear an rang-ord laistigh den ghrúpa ranga sa phróiseas staitistiúil. Mar sin féin, déanfar marcanna measta na múinteoirí ó gach scoil a choigeartú chun iad a thabhairt i gcomhréir le dáileadh ionchais na scoile. **Ní chuirfidh an próiseas caighdeánaithe atá á úsáid aon scór réamhshocráithe i bhfeidhm ar aon scoláire in aon rang ná in aon scoil.**

Má tá an grúpa scoláirí i scoil sa bhliain reatha thar a bheith “láidir”, léireoidh leibhéal ionchasach gnóthachtála an ghrúpa é sin. Ar an gcaoi chéanna, má sheasann duine amháin nó níos mó amach mar thar a bheith láidir, léireofar é sin i marcanna measta na scoile agus dá bhrí sin, cuirfear san áireamh é.

19. Eisiúint na dtorthaí sealadacha

Tar éis an phróisis chaighdeánaithe, déanfar na marcanna ríofa a thiontú ina ngrád ríofa, agus eiseofar na gráid sin chuig iarrthóirí. Cuirfear na gráid ríofa in iúl ar an tslí chéanna a ndéantar faoi láthair é maidir le gráid na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal, grád 1, etc.

20. Próiseas achomharc

Mar atá leagtha amach go soiléir sa *Treoir maidir le Gráid Ríofa don Ardteistiméireacht in 2020*, ní chuimseoidh scóip aon achomhairc ar ghrád ríofa ag aon scoláire athoscailt ná dul i gcoinne na mbreithiúnas gairmiúil a rinneadh laistigh de scoil nó ag scoil (múinteoirí, príomhoidí, agus príomhoidí tánaisteacha san áireamh) chun marcanna céatadán measta nó rang-oird ranga na scoile a ghiniúint. Dá réir sin, ní choinneoidh an scoil aon doiciméid chun críocha achomhairc ach amháin Foirmeacha deiridh A agus B agus iad comhlánaithe, agus, i gcás Fhoirmeacha C agus D, na foirmeacha deiridh agus aon doiciméid tacaíochta.

Cuirfear eolas breise maidir leis an bpróiseas achomhairc amach in am trátha.

Cuid VI: Saincheisteanna ginearálta do mhúinteoirí agus do phríomhoidí

21. Rúndacht agus cosaint sonraí

Le linn na hoibre, déanfar doiciméid a mbeidh sonraí pearsanta daoine aonair iontu a oscailt, a ghiniúint agus a phlé. Tá sé tábhachtach go mbeadh gach duine atá páirteach ag comhlíonadh pholasaí cosanta sonraí na scoile, bíodh sé sin maidir le taifid a ghiniúint, a oscailt nó a chur ar aghaidh, nó maidir leis na cainéil trína ndéantar eolas rúnda a phlé. Mar shampla, más rud é go mbeidh plé ar siúl idir comhghleacaithe thar ghlaonna comhdhála nó ag úsáid áiseanna ar líne, ní mór don phríomhoide/phríomhoide tánaisteach a bheith ar an eolas faoin ardán a bheidh in úsáid agus sásta go bhfuil sé ag cloí le polasaí na scoile. Má tá dréachtfhoirmeacha digiteacha nó foirmeacha comhlánaithe críochnaithe á roinnt trí ríomhphost le comhghleacaithe thar ghréasáin nach bhfuil faoi smacht na scoile, is dócha go mbeidh sé riachtanach de réir pholasaí na scoile go ndéanfar na doiciméid a chriptiú, (nó b'fhéidir nár cheart dóibh bogadh an bealach sin in aon chor). Ní mór é sin a dheimhniú sula roinnfear aon ábhar. Ar an gcaoi chéanna, má táthar á roinnt trí mhodh digiteach eile, ní mór don phríomhoide a bheith sásta go bhfuil an modh atá in úsáid sásúil.

Níor cheart doiciméid a choinneáil níos faide ná mar is gá.

- Do mhúinteoirí: Nuair atá síniú an phríomhoide curtha leis na marcanna measta agus leis na rang-oird iar-ailínithe agus nuair atá siad curtha chuig an Roinn, **níor cheart** do na múinteoirí cóipeanna d'Fhoirmeacha A ná B ná aon dréachtfhoirmeacha ná aon doiciméid a gineadh agus iad á gcomhlánú a choimeád. Ba cheart aon doiciméid mar sin a scriosadh go sábháilte.
- Don phríomhoide: Nuair atá síniú an phríomhoide curtha leis na marcanna measta agus leis na rang-oird iar-ailínithe agus nuair atá siad curtha chuig an Roinn, ba cheart dó/di cóipeanna d'Fhoirmeacha A, B, C agus D a choimeád go dtí go bhfógrófar don scoil go bhfuil gach céim den phróiseas achomhairc curtha i gcrích.

Má fhaigheann an scoil iarratas rochtana ar shonraí ó scoláire dá m(h)arcanna measta agus/nó rang-ord sula n-eiseofar na torthaí, ba cheart don scoil an freagra seo a leanas a thabhairt:

- de réir alt 56 den Acht um Chosaint Sonraí, ní féidir an t-iarratas a fhreagairt i láthair na huaire, agus
- go nglacfar leis go bhfuarthas an t-iarratas ar an dáta a fhoilseofar den chéad uair torthaí an 'scrúdaithe' (i.e. próiseas na ngrád ríofa), nó ar dháta an iarratais, cibé acu is déanaí.

Chun iarracht a dhéanamh líon na n-iarratas a d'fhéadfaí a dhéanamh chuig scoileanna don dáta seo a íoslaghdú, beidh sé seo an-soiléir freisin sa treoir a thabharfar do scoláirí.

Is comhlachtaí poiblí iad scoileanna BOO chun críocha Saorála Faisnéise. Cé gur déantóir neamhpsleách cinntí é gach comhlacht Saorála Faisnéise, is é tuairim na Roinne Oideachais agus Scileanna go dtugann alt 30(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise bunús díolúine ó scaoileadh na ngrád measta/rang-ordú scoile sula n-eiseofar an grád ríofa deiridh.

22. Coinbhleachtaí leasa

Tá prionsabail an chothromais, na cothroime agus na hoibiachtúlachta fíorthábhachtach i gcóras na ngrád ríofa. Má bhaineann fíor-choinbhleacht leasa nó coinbhleacht leasa bhraite le marc measta a thabhairt do scoláire ar leith i rang, mar mhac, iníon, deirfiúr, nó deartháir, ba cheart aird an phríomhoide a dhíriú air sin. D'fhéadfadh sé gur ghá don mhúinteoir cúnamh a thabhairt sa phróiseas go fóill trí shonraí nó eolas fíorasach a thabhairt, ach níor cheart don mhúinteoir a bheith páirteach in aon phróiseas breithiúnais a bhaineann leis an scoláire sin mar dhuine aonair. Déanfaidh an príomhoide/príomhoide tánaisteach maoirseacht bhreise i gcásanna mar sin. Beidh ar an bpríomhoide/bpríomhoide tánaisteach Foirm A a chomhshíniú lena dheimhniú gur cuireadh na socruithe cuí i bhfeidhm agus go ndearna sé/sí maoirseacht bhreise agus gur cheadaigh sé/sí an marc measta. I gcásanna nuair is é/í an príomhoide an múinteoir atá i gceist, déanfaidh an príomhoide tánaisteach na socruithe cuí agus déanfaidh sé/sí maoirseacht ar na tascanna go léir a bhaineann leis an scoláire seo agus le rang an scoláire seo.

23. Teagmháil idir scoláirí agus múinteoirí agus cothroime i samhail na ngrád ríofa

Ag croílár na gcéimeanna caighdeánaithe scoilbhunaithe agus náisiúnta araon ar chóras na ngrád ríofa tá tiomantas d'oibiachtúlacht, cothroime agus cothromas do scoláirí aonair agus do gach scoláire eile chun ionracas an phróisis chinnteoireachta a chosaint. Chun é sin a chinntiú, ní mór gan an próiseas scoilbhunaithe a chur i mbaol. Dá bhrí sin, leanfaidh an príomhoide, an príomhoide tánaisteach/na príomhoidí tánaisteacha, na múinteoirí agus baill foirne eile na scoile nósanna imeachta sonracha na Roinne agus **níor cheart i gcúinsí ar bith** plé a dhéanamh le scoláire ar bith ná le tuismitheoir ná le caomhnóir aon scoláire maidir leis na marcanna measta agus an rangú atá á gcur isteach ag an scoil ná iad a nochtadh dóibh. Tá dhá chúis leis sin:

- Ní gá gurb é an marc a shannann an scoil an marc deiridh a gheobhaidh an scoláire sin agus dá bhrí sin chuirfí an scoláire amú dá bhfaigheadh sé/sí an marc sula mbeidh próisis na ngrád ríofa críochnaithe agus na cinntí curtha i gcrích.
- Dá gceadófaí rochtain agus plé ar ghráid mheasta sula gcríochnófaí próiseas na ngrád ríofa, chuirfí isteach ar chur i gcrích ceart cothrom an phróisis agus ar chomhionannas agus cothromas a chinntiú idir na scoláirí go léir. Dá bpléifeadh múinteoirí na marcanna le scoláirí áirithe gan iad a phlé le scoláirí eile, nó dá ndéanfadh roinnt múinteoirí é sin agus mura ndéanfadh múinteoirí eile é, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag na cainteanna seo (go comhfhiosach nó go neamh chomhfhiosach) nó d'fhéadfaí a cheapadh go mbeadh tionchar acu ar an marc a chuireann an múinteoir faoi bhráid an ghrúpa ailínithe ábhair.

Os a choinne sin, **níor cheart i gcúinsí ar bith** d'aon tuismitheoirí/caomhnóirí ná scoláirí, teagmháil a dhéanamh, go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil, go díreach nó go hindíreach, le múinteoir ná le ball foirne eile ag am ar bith chun plé a dhéanamh nó chun tionchar a imirt ar an bpróiseas cinnteoireachta a bhaineann leis na marcanna measta nó leis an rang-ordú a thabharfar do scoláire in ábhar ar bith nó a thabharfadh buntáiste iomarcach do scoláire ar leith.

Níor cheart go mbeadh aon tionchar, mealladh (bronntanais san áireamh), brú ná comhéigean ag tuismitheoir/caomhnóir, scoláire ná duine ar bith eile ar mhúinteoirí ná ar scoileanna maidir le marc nó rang-ordú an scoláire sula mbeidh sé sannta nó ina dhiaidh. Áirítear leis seo aon leas airgeadais, geilleagrach nó pearsanta a bhféadfaí féachaint orthu mar rud a chuirfeadh isteach ar neamhchlaontacht agus ar neamhspleáchas an mhúinteora i gcomhthéacs an phróisis chinnteoireachta.

Bheadh a leithéid de theagmháil míchuí, mar d'fhéadfaí breathnú air mar iarracht cur isteach ar an gcothroime, ar an mbealach le caitheamh go cothrom agus ar an oibiachtúlacht a éilítear ar mhúinteoirí agus ar scoileanna agus na marcanna measta agus an rang-ordú á sannadh acu don scoláire aonair atá i gceist, agus do na scoláirí sa scoil ina hiomláine. Bhainfeadh sé seo d'ionracas shamhail na ngrád ríofa.

Nuair a dhéanann duine (mac léinn, tuismitheoir/caomhnóir nó duine eile) teagmháil le múinteoir nó le ball foirne eile maidir le marcanna measta an scoláire, is cuma má tá sé ar intinn acu cur isteach ar ionracas an phróisis nó nach bhfuil, ba cheart don mhúinteoir nó don bhall foirne:

- Gan páirt a ghlacadh sa phlé ar an ábhar
- A rá nach bhfuil cead aige/aici plé a dhéanamh ar aon ghné de shaothar an scoláire, dul chun cinn acadúil, marcanna measta nó rang-orduithe, nó gráid/pointí Ardteistiméireachta a bhfuiltear ag súil leo
- A rá nach mbeidh tionchar ar bith ag an teagmháil a rinneadh ar chinnteoireacht an mhúinteora i dtaobh dul chun cinn acadúil an scoláire, marcanna measta nó rang-orduithe mar chuid den phróiseas
- Má leantar ar aghaidh leis an iarracht dul i mbun plé nó teagmhála, a rá go mbeidh air/uirthi taifead foirmiúil a dhéanamh den teagmháil agus an taifead sin a thabhairt do phríomhoide na scoile agus go mbeidh ar an bpríomhoide an Roinn a chur ar an eolas go ndearnadh teagmháil faoin scoláire.

Nuair a leantar ar aghaidh leis an iarracht dul i mbun plé nó teagmhála, ní mór don mhúinteoir nó don bhall foirne an teagmháil sin a thuairisciú láithreach do phríomhoide na scoile agus taifead scríofa den teagmháil nó den iarracht ar theagmháil a chur ar fáil don phríomhoide. Beidh na sonraí a leanas i dtaca leis an teagmháil san áireamh sa taifead sin:

- Ainm an duine/ainmneacha na ndaoine a rinne teagmháil leis an múinteoir nó leis an mball foirne eile
- Ainm an scoláire/ainmneacha na scoláirí a ndearnadh teagmháil fúthu
- Dáta(i) agus am(anna) na teagmhála

- An chaoi a ndearnadh an teagmháil - e.g. guthán, ríomhphost, litir, teagmháil dhíreach phearsanta etc.
- Sonraí teagmhála (e.g. uimhir ghutháin, seoladh ríomhphoist) an duine/na ndaoine a rinne an teagmháil, má fuarthas na sonraí sin.

Coinneoidh an príomhoide an taifead sin go dtí go mbeidh deireadh le haon athbhreithniú ionchasach nó le haon phróiseas achomhairc a bhaineann le bronnadh grád ríofa an iarrthóra.

Ní mór don phríomhoide, ina ról maoirseachta, cúram faoi leith a thabhairt chun a chinntiú, i gcásanna a ndearnadh teagmháil maidir le hiarrthóir, go gcloítear le prionsabail na hoibiachtúlachta, na cothroime agus an chothromais atá mar bhonn agus mar thaca ag samhail na ngrád ríofa.

Ní mór don phríomhoide an Roinn a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir go bhfuil taifead déanta ag an scoil ar theagmháil ó dhuine maidir le marcanna agus/nó rang-ordú le sannadh do scoláire ainmnithe.¹

Is é an fáth a dtugtar fógra faoin eolas seo don Roinn ná chun trédhearcacht, cothabháil na dtaifead cuí, agus maoirseacht chuí ar an bpróiseas cinnteoireachta a bhaineann leis an bpróiseas um shannadh grád measta agus rang-orduithe a chinntiú. Ag teach leis an gcuspóir sin, iarrfaidh an Roinn deimhniú scríofa speisialta ón bpríomhoide maidir leis na marcanna agus an rang-ordú atá sannta don scoláire ainmnithe gur leanadh na nósanna imeachta go léir ag leibhéal na scoile leis an dúthracht agus leis an gcúram atá riachtanach ag gach céim (i.e. céimeanna um meastachán an mhúinteora, um ailíniú ábhair agus um maoirseacht) in ainneoin na teagmhála líomhnaithe. Ní mór go mbeadh an deimhniú sin faighte ag an Roinn sular féidir marcanna agus rang-ordú an scoláire a phróiseáil don chaighdeánú náisiúnta.

24. Bunús shamhail na ngrád ríofa

Rinneadh samhail na ngrád ríofa a fhorbairt tar éis dul i gcomhairle maidir le socruithe don Ardeistiméireacht in 2020 le hionadaithe ó scoláirí, múinteoirí, lucht bainistíochta scoileanna, ceannairí scoileanna, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Rinneadh í a dhearadh bunaithe ar chomhairle ó Ghrúpa Oibre Teicniúil ina raibh saineolaithe ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit, Foireann Cigireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna, an Foras Taighde ar Oideachas, agus saineolas seachtrach idirnáisiúnta.

Bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna samhail na ngrád ríofa tar éis cinneadh Rialtais. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, chinn an Rialtas cead a thabhairt don Aire córas a chur i bhfeidhm do shamhail na nGrád Ríofa a bheidh á feidhmiú ag an Aire ar bhonn riaracháin sa tslí is go bhféadfadh scoláirí na hArdeistiméireachta an rogha a dhéanamh gráid ríofa a fháil ón Aire chun éascaíocht a dhéanamh dóibh maidir lena ndul chun cinn chuig oideachas tríú leibhéal nó chuig saol na hoibre i bhfómhar na bliana 2020.

¹San eolas a thabharfar don Roinn ní bheidh eolas pearsanta a bhaineann leis an tríú páirtí a rinne an teagmháil (a (h)ainm, ríomhphost, uimhir ghutháin, srl.) agus is é/i an príomhoide amháin a choinneoidh an t-eolas sin.

D'aontaigh an Rialtas freisin nach mór go mbeadh roinnt príomhghnéithe ag baint leis an gcóras sin. Ina measc sin, tá muinín a chur i mbreithiúnas gairmiúil mhúinteoirí an iarrthóra, breithiúnas nach mbeidh faoi réir athbhreithniú; ailíniú ionscoile chun cothroime a chinntiú i measc iarrthóirí ag leibhéal na scoile; dearbhú ar mharcanna measta agus ar rang-orduithe na scoláirí sa scoil ó phríomhoide na scoile; próiseas caighdeánaithe ag an leibhéal náisiúnta chun cothroime a chinntiú i measc na n-iarrthóirí ar fad; ceart achomhairc ag iarrthóirí, ar achomharc é a chuimseoidh seiceáil sonraí a dhéanamh ar na sonraí a cuireadh isteach sa scoil, aistriú ceart na sonraí sin chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna, athbhreithniú chun a fháil amach an bhfuair an Roinn na sonraí sin i gceart agus an ndearna sí iad a phróiseáil i gceart; fíorú ar phróisis na Roinne ag scrúdanóirí neamhspleácha, agus má tá an t-iarrthóir míshásta fós, deis chun an Ardteistiméireacht scríofa a dhéanamh nuair atá sé sábháilte agus indéanta tabhairt faoi scrúduithe den chineál sin.

Aithníonn an tAire go dtabharfaidh múinteoirí agus scoláirí faoi dhualgais mar a leagtar amach iad sa Treoir seo [*Gráid Ríofa don Ardteistiméireacht 2020: Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta agus Rang-Oird Ranga a Chur ar Fáil* (Bealtaine 2020)] thar ceann an Aire. Ciallaíonn sé sin go bhfuil na tascanna go léir atá á ndéanamh ag múinteoirí, príomhoidí agus scoileanna, á ndéanamh thar ceann an Aire agus i dtaca le feidhmiú a chumhachtaí Feidhmiúcháin um bunú agus oibriú shamhail na ngrad ríofa.

Tá an Treoir seo á heisiúint mar aguisín le Ciorclán 0037/2020.

25. Slánaíocht Dí

Tabharfaidh an Stát slánaíocht do mhúinteoirí, do phríomhoidí agus do lucht bainistíochta scoileanna a d'fhéadfaí a ghairm dá gcuirfí an dlí ar dhuine éigin ar a bhonn féin (i.e. ainmnithe in imeachtaí sibhialta mar mhúinteoir aonair, príomhoide nó bord bainistíochta/BOO).

Beidh an tslánaíocht faoi réir coinníollacha maidir le fógra a thabhairt don Stát agus comhoibriú leis an Stát i gcosaint aon chásanna dlí a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus ní féidir iad a ghairm ach amháin má rinne an duine gníomhú *bona fide*, i.e. rinne siad gach iarracht réasúnta tabhairt faoina ról de réir na treorach a tugadh sa *Treoir* seo agus sa chiorclán ábhartha de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Aguisíní

- **An Próiseas um Ghráid Ríofa a ghiniúint in 2020**
- **Foirm A: Marc céatadáin measta**
- **Foirm B: Ord rangaithe an ranga**
- **Foirm C: Séala na scoile ar mharc measta d'ábhar a ndearnadh staidéar air lasmuigh den scoil**
- **Foirm D: iontráil ábhair nach bhféadfaidh an scoil a séala a chur le marc measta ina leith**

An Próiseas um Ghráid Ríofa a ghiniúint in 2020

Meastachán

- eisíonn an ROS treoir do na scoileanna
- déanann an múinteoir fianaise ábhartha na gnóthachála a mheas
- déanann an múinteoir an chéad bhreithiúnas gairmiúil ar an marc céatadán is dóichí a bhainfeadh gach iarrthóir amach, agus cuireann sé/sí na scoláirí sa rang-ord

Ailíniú ionscoile

- deimhníonn an grúpa ailínithe ábhair go bhfuil meastacháin an mhúinteora bunaithe ar chaighdeáin chomhsheasmhacha ar fud na ranganna
- cinntíonn maoirseacht an phríomhoide cothroime do scoláirí aonair agus feidhmiú na gcaighdeán cuí
- is meastacháin scoile iad na meastacháin anois

Cur isteach chuig an ROS

- socraíonn an príomhoide ionchur na sonraí agus na seiceálacha deiridh
- cuireann an scoil na meastacháin isteach chuig an ROS

Caighdeánú tras-scoile

- Baineann an ROS úsáid as modhanna staitistiúla chun caighdeáin na scoile a ailíniú leis na caighdeáin náisiúnta
- tugann meastacháin na scoile, agus caighdeánú na ROS ina dhiaidh sin, torthaí ríofa na ROS

Dearbhú Cáilíochta

- Déanann an ROS aimhrialtachtaí féideartha sna torthaí ríofa a aithint, a iniúchadh agus a chur ina gceart

Torthaí

- tiontaíonn an ROS torthaí ríofa ina ngráid ríofa agus eisítear na gráid ríofa
- Tugann an ROS sonraí na dtorthaí sealadacha don CAO

Achomhairc

- tá cead ag aon scoláire atá míshásta leis an ngrád ríofa a fuair sé/sí achomharc a dhéanamh
- gach céim phróiseála seiceáilte: sonraí curtha isteach go cruinn; ríomhanna caighdeánaithe tras-scoile déanta go cruinn; an grád ríofa ceart bronnta
- níl breithiúnas gairmiúil laistigh de scóp an achomhairc

Scrúdanóirí Neamhspleácha Achomhairc

- aon scoláire atá fós míshásta is féidir leis/léi a c(h)ás a chur ar aghaidh chuig na *Scrúdanóirí Neamhspleácha Achomhairc*
- Seiceálann na scúdaitheoirí go ndearna an ROS na nósanna imeachta achomhairc go léir mar ba cheart

Rogha scrúduithe

- tá an rogha ag gach scoláire an scrúdú a dhéanamh ag dáta níos déanaí



An Ardteistiméireacht 2020 – Marc céatadáin measta

Léigh an dá cháipéis *Treoir maidir le Gráid Ríofa do Scoláirí na hArdteistiméireachta 2020* agus *Treoir do na Scoileanna ar Chéatadán Measta a Sholáthar mar Mharc agus Rang-Ordú sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo*. Comhlánaigh foirm amháin do gach scoláire sa rang.

Ná roinn na marcanna measta ná na hoird rangaithe leis na scoláirí agus ná pléigh do mheasúnú ar mar a n-éireodh leo ar bhealach ar bith.

1. Mionsonraí faoin scoláire, faoin ábhar agus faoin leibhéal

Ainm an scoláire:	
Scrúduimhir an scoláire:	
Clár:	SAT/GCAT <input type="checkbox"/> ATF <input type="checkbox"/>
Ábhar:	
Leibhéal, mar a dhearbhaigh ROS leis an scoil é:	
Ainm an Mhúinteora:	
Uimhir Rolla na Scoile:	

2. Faisnéis ábhartha arna cur san áireamh

Tá an fhaisnéis ábhartha go léir atá ar fáil dom faoi leibhéil ghnóthachtála an scoláire seo le linn na sraithe sinsearaí curtha san áireamh agam mar seo a leanas

an taithí a bhí agam ar bheith ag obair leis an scoláire sa rang, agus caighdeán a gcleachtaí agus a n-eochairchleachtaí (ATF)	Tá <input type="checkbox"/> Ní bhaineann le hábhar <input type="checkbox"/>
mo thaifid féin ar obair agus leibhéal gnóthachtála an scoláire	Tá <input type="checkbox"/> Ní bhaineann le hábhar <input type="checkbox"/>
marcanna, gráid agus faisnéis eile a bhaineann go sonrach leis an ábhar atá ar fáil ar chóras sonraí láraithe na scoile	Tá <input type="checkbox"/> Ní bhaineann le hábhar <input type="checkbox"/>
caighdeán na hoibre arna léiriú in aon obair chúrsa le haghaidh scrúdú na hArdteistiméireachta a tugadh chun críche go hiomlán nó i bpáirt	Tá <input type="checkbox"/> Ní bhaineann le hábhar <input type="checkbox"/>

Ina theannta sin, agus an marc céatadáin measta arna chur isteach á chinneadh agam,

Chuir mé san áireamh aon mharcanna bónais a bhfaigheadh an dalta as freagra a thabhairt i nGaeilge.	Tá <input type="checkbox"/> Ní bhaineann le hábhar <input type="checkbox"/>
Tá mo mheastachán bunaithe ar an tuiscint go mbeadh aon chóiríocht réasúnta ceadaithe don scoláire curtha ar fáil.	Tá <input type="checkbox"/> Ní bhaineann le hábhar <input type="checkbox"/>

3. Marc céatadáin measta

Cuir isteach an marc céatadáin measta a chreideann tú a ghnóthódh an scoláire sa chás nár tharla an cur isteach de dheasca an víris COVID-19. Ba chóir go léireodh an meastachán feidhmíocht chumaisc fhoriomlán san ábhar, agus gach cuid den scrúdú (scríofa, praiticiúil, obair chúrsa, béaltriall, cluastuiscint) curtha san áireamh de réir a hualú ceart.

Marc céatadáin measta:	%
------------------------	---

Nóta: sínigh thall, le do thoil →

4. Dearbhú maidir le marc measta na scoile

Dearbháim:

- Go bhfuil gach iarracht déanta agam an méid is mó agus is féidir den fhaisnéis ábhartha curtha i dtoll a chéile agam
- Gur bhreithnigh mé go cuí na sonraí agus an taithí atá agam ar a bheith ag obair leis an scoláire seo
- Go bhfuil machnamh déanta agam ar an méid a ghnóthaigh grúpaí scoláirí a mhúin mé roimhe seo gráid a raibh mé ag súil leo san Ardteistiméireacht
- Gur ghlac mé páirt sa phróiseas chun a chinntiú go mbeidh na caighdeáin chéanna á n-úsáid ag gach múinteoir san ábhar sa scoil
- i ndiaidh an méid sin go léir a chur san áireamh, is ionann an meastachán agus breithiúnas gairmiúil meáite na scoile faoin marc céatadáin measta is dóichí a ghnóthódh an scoláire sa chás nár tharla an cur isteach de dheasca an víris COVID-19, go rachadh an scoil ar aghaidh ag go reáchtálfai na scrúduithe mar is gnách.

Síniú:	Dáta:
--------	-------

Ní mór an dearbhú thuas a shíniú. Sa chás go gcomhlánaítear an fhoirm go digiteach, ní mór í a phriontáil amach agus a shíniú.

5. Coinbhleacht leasa

Níor chóir an chuid seo a chomhlánú **ach amháin** sa chás gur sainaitníodh coinbhleacht leasa nó go síltear gur ann do choinbhleacht leasa i ndáil le marc measta a bhronnadh.

Dearbháim:

- Go ndearnadh socruithe atá iomchuí don chás, agus
- Go bhfuil maoirseacht bhreise agus ceadú breise curtha ar fáil agam i ndáil leis an marc measta.

Síniú:	Príomhoide <input type="checkbox"/> Príomhoide Ionaid <input type="checkbox"/>	Dáta:
--------	---	-------



An Ardteistiméireacht 2020 - Ord rangaithe an ranga

Léigh an dá cháipéis *Treoir maidir le Gráid Ríofa do Dhaltáí na hArdteistiméireachta 2020* agus *Treoir do na Scoileanna ar Chéatadán Measta a Sholáthar mar Mharc agus Rang-Ordú* sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo. Baintear úsáid as an bhfoirm seo, in ord an leibhéil ghnóthachtála a mbeifeá ag súil leis sa scrúdú, do na scoláirí go léir ar an leibhéal céanna (Ardleibhéal, Gnáthleibhéal, Bunleibhéal, Comhleibhéal) i ngach rang. Ba chóir foirm ar leithligh a chomhlánú do gach leibhéal i ngach rang. Níor chóir grúpaí ranga don ábhar céanna a chur le chéile. Níor chóir an fhoirm seo a chomhlánú go dtí go mbeidh foirm *marc céatadán measta* (Foirm A) comhlánaithe do gach scoláire.

1. Mionsonraí faoin mhúinteoir, faoin ábhar agus faoin leibhéal

Clár:	SAT/GCAT <input type="checkbox"/>	ATF <input type="checkbox"/>
Ábhar:		
Leibhéal:		
Ainm an Mhúinteora:		
Uimhir Rolla na Scoile:		

2. Ord rangaithe

Liostaigh na scoláirí in ord na gnóthachtála a mbeifeá ag súil léi sa scrúdú. Ba chóir gurb é/í an scoláire ar bharr an liosta an scoláire is fearr a n-éireodh leis/léi, dar leis an scoil, agus araile. Dá réir sin, ní fhéadfaidh an marc céatadán measta do scoláire ar bith ar an liosta a bheith níos airde ná an marc os a chionn, ach féadfaidh sé a bheith comhionann leis. Ní mór don mharc arna iontráil do gach scoláire a bheith mar an gcéanna leis an marc céatadán measta ar Fhoirm A don scoláire sin. Sa chás go bhfuil an marc céatadán measta céanna ag beirt scoláire, is gá cinneadh a dhéanamh faoin ord ina gcuirfead iad. Pléitear sin sa *Treoir do na Scoileanna*.

Rangú	Ainm	Scrúduimhir	Measta Marc %	Rangú
1				1
2				2
3				3
4				4
5				5
6				6
7				7
8				8
9				9
10				10
11				11
12				12

13				13
14				14
15				15
16				16
17				17
18				18
19				19
20				20
21				21
22				22
23				23
24				24
25				25
26				26
27				27
28				28
29				29
30				30

3. Dearbhú maidir le marcanna measta agus ord rangaithe na scoile

Dearbhaím:

- Gur sheiceáil mé go bhfuil gach marc céatadán measta arna iontráil thuas mar an gcéanna leis an luach arna iontráil ar an bhFoirm A a bhaineann leis an scoláire
- Gur sheiceáil mé go bhfuil siad liostaithe thuas san ord ceart de réir na *Treorach do na Scoileanna*
- gur ionann liosta thuas agus breithiúnas gairmiúil meáite na scoile faoi ord foriomlán gnóhachtála na ndaltaí sa chás nár tharla an cur isteach de dheasca an víris COVID-19, go rachadh an scoil ar aghaidh agus go reáchtálfai na scrúduithe mar is gnách.

Síniú:	Dáta:
--------	-------

Ní mór an dearbhú thuas a shíniú. Sa chás go gcomhlánaítear an fhoirm go digiteach, ní mór í a phrintáil amach agus a shíniú.

4. Dearbhú bhainistíocht na scoile

Dearbhaím:

- Gur sheiceáil mé an fhaisnéis san fhoirm thuas agus i ngach Foirm A a bhaineann léi
- go bhfuil an próiseas athbhreithnithe ar na tacair shonraí tugtha chun críche agus go bhfuilim sásta go ndearnadh an próiseas ailínithe agus, nuair is infheidhme, an t-athbhreithniú, le hintinn mhaith de réir na *Treorach do na Scoileanna*

Síniú:	Príomhoide Príomhoide Ionaid	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>	Dáta:
--------	---------------------------------	--	-------



An Ardteistiméireacht 2020 - Séala na scoile ar mharc measta d'ábhar a ndearnadh staidéar air lasmuigh den scoil

Ba chóir don phríomhoide nó don phríomhoide ionaid an fhoirm seo a chomhlánú sna cásanna seo a leanas:

- tá marc measta á chur ar fáil ag an scoil do scoláire atá ar an rolla sa scoil ach a bhfuil ábhar breise á dhéanamh aige/aici lasmuigh den scoil, agus
- go bhfuil an scoil sásta go bhfuil fianaise leordhóthanach ar fáil di chun seasamh leis an marc measta atá á chur ar fáil.

Sa chás nach gcomhlíontar an dara coinníoll thuas, comhlánaigh Foirm D in áit na foirme seo.

D'fhonn an dara coinníoll thuas a chomhlíonadh, ní mór gur thug teagascóir oiriúnach treoir agus go ndearna siad maoirseacht ar fhoghlaim an dalta. Beidh Foirm A comhlánaithe ag an teagascóir sin agus beidh Foirm B comhlánaithe acu sa chás gur theagasc siad níos mó ná dalta amháin ón scoil chéanna. Beidh caidreamh déanta ag príomhoide nó ag príomhoide ionaid na scoile leis an teagascóir sular comhlánaíodh na foirmeacha sin agus i ndiaidh iad a fháil ón teagascóir agus iad a imscrúdú. Léigh an dá cháipéis *Treoir maidir le Gráid Ríofa do Scoláirí na hArdteistiméireachta 2020* agus *Treoir do na Scoileanna ar Chéatadán Measta a Sholáthar mar Mharc agus Rang-Ordú* chun tuilleadh mionsonraí a fháil sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo.

Ná roinn na marcanna measta ná na hoird rangaithe leis na scoláirí agus ná pléigh do mheasúnú ar mar a n-éireodh leo ar bhealach ar bith.

Mionsonraí faoin scoláire, faoin ábhar agus faoin leibhéal

Ainm an scoláire:	
Scrúduimhir an scoláire:	
Ábhar:	
Leibhéal:	
Uimhir Rolla na Scoile:	
Ainm an Teagascóra:	
An bhfuil an teagascóir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta? Nóta: Ní bunriachtanas é sin.	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>

An bunús le glacadh leis an marc measta

Tabhair breac-chuntas ar an mbunús le bailíocht agus sláine an mharc mheasta a tugadh. D'fhéadfadh a bheith san áireamh leis sin, mar shampla, díospóireacht leis an teagascóir i gceist, faisnéis a bhí ar eolas cheana faoi na ceachtanna i gceist, agus aithne ar an scoláire i gceist.

--

Marc céatadáin measta

Cuir isteach an marc atá á chur ar aghaidh ag an scoil thar ceann an scoláire. Sa chás gur éagsúil é an marc sin ón marc a thug an teagascóir, níor chóir an marc a leasú go dtí go rachfaí i gcomhairle an teagascóra, agus ba chóir na cúiseanna leis an leasú a thabhairt thíos.

Marc céatadáin measta:	%
------------------------	---

An bhfuil an marc seo mar an gcéanna leis an marc a thug an teagascóir?	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>
Mura bhfuil, tabhair na cúiseanna leis sin:		

Dearbhú

Dearbhaím:

- Go ndearna mé teagmháil leis an teagascóir roimhe, gur phléigh mé leis/léi cad a bhí i gceist, agus gur chinntigh mé go raibh cóip den dá cháipéis *Treoir maidir le Gráid Ríofa do Scoláirí na hArdteistiméireachta 2020* agus *Treoir do na Scoileanna ar Chéatadán Measta a Sholáthar mar Mharc agus Rang-Ordú aige/aici*.
- Go bhfuil gach iarracht déanta agam sláine na faisnéise agus an mheastacháin a thugtar a chinntiú.
- Sa chás go bhfuil an t-ábhar céanna ar fáil sa scoil, go bhfuilim sásta go bhfuil an marc measta thuas bunaithe ar chur i bhfeidhm chaighdeáin cosúil leis na cinn arna gcur i bhfeidhm ag an múinteoir/na múinteoirí sa scoil.

Síniú:	Príomhoide <input type="checkbox"/>	Príomhoide Ionaid <input type="checkbox"/>	Dáta:
--------	-------------------------------------	--	-------

Ní mór an dearbhú thuas a shíniú. Sa chás go gcomhlánaítear an fhoirm go digiteach, ní mór í a phrintáil amach agus a shíniú.



An Ardteistiméireacht 2020 - iontráil ábhair nach bhféadfaidh an scoil a séala a chur le marc measta ina leith

Ba chóir don phríomhoide nó don phríomhoide ionaid an fhoirm seo a chomhlánú sna cásanna seo a leanas:

- tá scoláire atá ar an rolla sa scoil iontráilte le haghaidh ábhar breise a bhfuil staidéar á dhéanamh aige/aici air lasmuigh den scoil, agus
- níor tharraing an scoláire siar ón ábhar, agus
- NÍL an scoil sásta go bhfuil fianaise leordhóthanach ar fáil di chun seasamh le haon mharc measta a d'fhéadfaí a chur ar fáil.

Má chomhlánaítear an fhoirm seo, seans nach bhfaighidh an scoláire toradh don ábhar seo. Sa chás go bhFÉADFAIDH an scoil seasamh le marc measta, comhlánaigh Foirm C in áit na foirme seo.

Tabhair faoi deara: Ba chóir na foirmeacha seo a choimeád go sábháilte leis an gcáipéisíocht eile agus d'fhéadfaí iad a iarraidh ó na scoileanna níos déanaí sa phróiseas.

Mionsonraí faoin scoláire, faoin ábhar agus faoin leibhéal

Ainm an scoláire:	
Scrúduimhir an scoláire:	
Ábhar:	
Leibhéal:	
Uimhir Rolla na Scoile:	
Ainm an Teagascóra:	
An bhfuil an teagascóir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta? Nóta: Ní bunriachtanas é sin.	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>

An chúis nach féidir séala a chur le marc measta

Níl baint ag teagascóir leis	Ceart <input type="checkbox"/> Mícheart <input type="checkbox"/>
Ní féidir an teagmháil atá de dhíth a dhéanamh leis an teagascóir	Ceart <input type="checkbox"/> Mícheart <input type="checkbox"/>
Níl fianaise leordhóthanach ar fáil ar a mbunófaí marc measta	Ceart <input type="checkbox"/> Mícheart <input type="checkbox"/>
Eile	Ceart <input type="checkbox"/> Mícheart <input type="checkbox"/>

Tabhair mionsonraí breise chun an chúis/na cúiseanna thuas a mhíniú, de réir mar is cuí. Mar shampla, luaigh iarrachtaí chun teagmháil a dhéanamh, nó na cúiseanna nach bhfuil fianaise leordhóthanach ar fáil

--

Dearbhú

Dearbhaím:

- Go ndearna mé gach iarracht réasúnach teacht ar fhianaise leordhóthanach ar a mbunófaí marc measta.
- Nárbh fhéidir é sin a dhéanamh.

Síniú:	Príomhoide <input type="checkbox"/> Príomhoide Ionaid <input type="checkbox"/>	Dáta:
--------	---	-------

Ní mór an dearbhú thuas a shíniú. Sa chás go gcomhlánaítear an fhoirm go digiteach, ní mór í a phriontáil amach agus a shíniú.